



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment



Dréacht-nuashonrúd'Aistear: *Creatchuraclam na Luath-Óige* Le haghaidh comhairliúcháin

Meán Fómhair 2023

Clár na nÁbhar

DRÉACHT-NUASHONRÚ D'AISTEAR: CREATCHURACLAM NA LUATH-ÓIGE	1
Eolas do Léitheoirí – Aistear nuashonraithe.....	- 4 -
AISTEAR NUASHONRAITHE: CREATCHURACLAM NA LUATH-ÓIGE	- 6 -
Réamhrá.....	- 7 -
Fís	- 9 -
Cuspóir	- 10 -
Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha	- 11 -
Saoránaigh Ghníomhaíochta Dhomhanda.....	- 12 -
Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú.....	- 12 -
Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí.....	- 13 -
Teaghlach agus Pobal.....	- 13 -
Oideoirí Gníomhaíochta.....	- 13 -
Aistrithe	- 14 -
Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch	- 15 -
Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla	- 15 -
Timpeallachtaí Foghlama.....	- 16 -
Téamaí	- 17 -
Folláine.....	- 18 -
Féiniúlacht agus Muintearas.....	- 21 -
Cumarsáid.....	- 24 -
Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.....	- 27 -
TACÚ LE HAISTEAR	- 30 -
Réamhrá	- 31 -
A. Treoirínte don Dea-Chleachtas.....	- 31 -
B. Tacú le hOideoirí.....	- 38 -
Tagairtí	- 39 -
Aguisín 1	- 40 -
Gluais	- 52 -

Eolas do Léitheoirí – Aistear nuashonraithe

Tá leagtha amach sa cháipéis seo na hathruithe atá beartaithe ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [CNCM](2009). Táthar tar éis é a chur i láthair mar seo a leanas:

- **Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige**, mar a bhfuil cuntas ar an bhFís, Cuspóir, Prionsabail agus Téamaí atá beartaithe d'Aistear nuashonraithe.
- **Tacú le hAistear**, mar a bhfuil moltaí chun tacú le hoideoirí¹ i dtaca leis an gCreat nuashonraithe a úsáid.

Déantar ceiliúradh in *Aistear* ar an luath-óige mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an páiste ag foghlaim ó eispéiris de réir mar a thiteann siad amach, rud ar dúshraith thábhachtach é don fhoghlaim tráth níos faide anonn. Mar gurb ionann an luath-óige agus tús turas foghlama a leanfaidh an páiste ar feadh a shaoil, tugtar *Aistear* ar Chreachuraclam na Luath-Óige, focal eile ar thuras. Is é an léargas ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga a chuirtear chun cinn in *Aistear*, gur foghlaimeoirí inniúla muiníneacha iad laistigh de chaidrimh cheanúla mheasúla. Cuimsíonn sé Prionsabail agus Téamaí mar aon le *Treoirlínte don Dea-Chleachtas* agus *Treoir d'Úsáideoirí*.

I bhfianaise athruithe sa tsochaí, lucht saothair gairmiúil atá níos cáilithe ná riamh, athruithe ó thaobh beartais de, agus forbairtí ó thaobh taighde de, mar aon le hathruithe maidir le taithí saoil babaithe, naíonán agus páistí óga atá tar éis titim amach thar na blianta, agus d'fhonn na nithe seo a aithint agus a léiriú, [tá Aistear á nuashonrú](#). Tá an dréacht nuashonraithe d'Aistear, atá faoi iamh sa cháipéis seo, á chomhroinnt anois le hearnáil na luath-óige agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear tuismitheoirí, le haghaidh comhairliúcháin. Amhail an creat bunaidh, táthar tar éis an nuashonrú beartaithe a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear babaithe, naíonáin agus páistí óga, tuismitheoirí, agus oideoirí luathbhlianta. Mar bhonn eolais faoin nuashonrú, bhí [léirbhreithniú litríochta](#) (French agus McKenna, 2022) agus glacadh le treoir ó [Chomhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga](#) (O'Toole, Walsh agus Kerrins, 2023) agus ó [Thuarascáil Chomhairliúcháin Chéim 1 CNCM](#) (2022). Tar éis an chomhairliúcháin, cuirfear bailchríoch ar *Aistear* nuashonraithe in 2024.

¹ Sa cháipéis seo, baintear feidhm as an téarma 'oideoir' chun tagairt a dhéanamh do gach duine a bhíonn ag obair le hAistear chun tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga. Cuimsíonn sé seo oideoirí luathbhlianta a oibríonn i róil ghairmiúla, tuismitheoirí, feighlithe páistí, agus daoine fásta eile.

Forléargas ar na hathruithe

Leis na hathruithe atá déanta sa leagan seo, cuireadh leis an gcreat bunaidh agus nuashonraíodh é chun tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga. Tá na hathruithe seo bunaithe ar fheasacht ar aois, inscne, stádas teaghlaigh, míchumas, eitneacht, reiligiún, dearcadh saoil nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil. Baineann gach ceann acu seo le saol atá ag síorathrú agus atá idircheangailte agus idirspleách ar bhonn domhanda. Tá na Prionsabail agus Téamaí fós ann agus rinneadh iad a leasú agus a nuashonrú. Tá ceisteanna le sonrú sa cháipéis fosta ar fiú breithniú orthu chun tacú le *hAistear*. Tá sé beartaithe go mbainfear feidhm astu seo mar bhonn eolais agus ábhair threorach á bhforbairt chun tacú le hoideoirí agus iad ag dul i ngleic leis na Prionsabail agus Téamaí. Eiseofar, in éineacht leis an gCreat, Eolaí do Thuismitheoirí ar *Aistear* chun cur lena dtuiscint ar an gcineál taithí a gheobhadh a mbabaí, a naíonán nó a bpáiste óg as *Aistear*. Cuireadh san áireamh sa Chreat nuashonraithe, athruithe beartais atá tar éis titim amach ó tugadh isteach *Aistear* in 2009. Orthu seo, tá forbairtí curaclaim agus measúnaithe do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta lena dtacaítear le leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim agus forbairt.

Ar na príomhathruithe ar an gCreat, tá:

- Gur ciorraíodh na Prionsabail ó 12 cheann go 9 gcinn, go ndearnadh gnéithe de na Prionsabail bunaidh a chumasc, athruithe ar théacs agus tugadh isteach Prionsabal nua a bhaineann le haistrithe. Léiríonn na hathruithe seo croí-theachtaireachtaí ó Chomhairliúchán Chéim 1 i dtaca le cearta, oideolaíocht, ionchuimsiú, foghlaim faoin aer, folláine agus inbhuanaitheacht
- Mar an gcéanna, rinneadh na Téamaí a nuashonrú le go gcuimseoidís na teachtaireachtaí tábhachtacha ón gcomhairliúchán agus chun rannpháirtíocht bhríoch a chinntiú do gach babáí, naíonán agus páiste óg. Rinneadh líon na spriocanna foghlama a laghdú. Is é atá iontu fós ná ráitis atá leathan, d'aon turas, ach inbhraite chun tacú le solúbthacht ó thaobh léirmhíneithe de, rud a chuireann le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch.
- Tá leagtha amach in **Tacú le *hAistear***, moltaí chun tacú le hoideoirí i dtaca leis an gCreat nuashonraithe a úsáid. Cuireann sé leis na *Treoirínte don Dea-Chleachtas* agus soláthraíonn tacar de smaointe móra atá dírithe ar Phrionsabail *Aistear* agus ar ghnéithe de na Téamaí chun tacú lena bhfeabhsú sna blianta atá romhainn.
- Tá na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe sna Prionsabail, sna Téamaí agus sna ceisteanna ar fiú smaoinemh orthu chun tacú le *hAistear*, fite fuaite laistigh de agus ar feadh an Chreata.
- Rinneadh an téarmaíocht a oiriúnú chun athrú beartais agus earnála a léiriú. Athraíodh na téarmaí 'cleachtóir' agus 'duine fásta' go 'hoideoir', 'sé/sí' go 'siad', 'comhionannas' go 'cothromas' agus 'riachtanais' go 'cearta'.
- Táthar tar éis an téarma 'babaithe, naíonáin agus páistí óga' a thabhairt isteach in áit 'páistí' lena chinntiú go mbíonn na trí aoisghrúpa le sonrú go soiléir sa chreat.
- Tá fócas ann ar aitheantas dár stair agus dár scéal cultúrtha agus teanga agus leis seo a léiriú, rinneadh focail, frásaí agus seanfhocail Ghaeilge a leabú ar fud an leagain Béarla den Chreat. Cuireadh iad seo san áireamh lena n-úsáid a chur chun cinn mar chuid de ghnáth-theanga laethúil an oideora (m.sh. comhrá, grá, spraoi) agus le haghaidh téarmaí sna cásanna nach leor an Béarla lena mbrí a chur in iúl ina hiomláine (m.sh. meitheal)
- Chun tacú le leanúnachas ó thaobh eispéreas de agus le dul chun cinn, tá fócas ar ailíniú le Creatchuraclam na Bunscoile (CCB) (RO, 2023) agus *Aistear* á nuashonrú.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Dréacht-nuashonrúd'Aistear: *Creatchuraclam na Luath-Óige* Le haghaidh comhairliúcháin

Meán Fómhair 2023

Réamhrá


Ó thráth na giniúna go dtí an lá a théann siad isteach ar dhoras na bunscoile nó na scoile speisialta, bíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga ag foghlaim agus ag forbairt ar luas níos gasta ná céim ar bith eile ina saolré. Is le linn na tréimhse seo, na chéad trí bliana, go háirithe, a leagtar na bunchlocha don fhoghlaim, don tsláinte agus d'fhoirmiú na gceangal tábhachtach san inchinn. Is i gcaitheamh an ama seo a fhorbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga meonta dearfacha i leith na foghlama agus scileanna. Tá aitheantas in *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* go mbíonn tionchar foirmitheach ag na heispéiris luatha seo ar bhábaithe, naíonáin agus páistí óga agus gur féidir go mairfeadh an tionchar seo ar feadh an tsaoil.

Déantar ceiliúradh in *Aistear* ar an luath-óige mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an páiste ag foghlaim ó eispéiris de réir mar a thiteann siad amach, rud ar dúshraith thábhachtach é don fhoghlaim tráth níos faide anonn. Mar gurb ionann an luath-óige agus tús turas foghlama a leanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga ar feadh an tsaoil, tugtar *Aistear* ar an gcreachuraclam seo, focal eile ar thuras. Is tréimhse í an luath-óige nuair a bhíonn lear mór deiseanna le haghaidh foghlaim agus forbairt i réim. Le linn na luathbhlianta seo, bíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga ag foghlaim trí chaidrimh cheanúla iontaobhacha mheasúla, agus trí shúgradh, spraoi, fiosrúchán agus comhrá. Tá béim in *Aistear* ar lárnacht an teaghlaigh, na dteangacha, na meithleacha (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail) agus na gcultúr i saol babaithe, naíonán agus páistí óga. Tá sé d'aidhm aige an fhoghlaim agus an fhorbairt a dhaingniú, a shíneadh agus a shaibhriú go gach uile bhabaí, naíonán agus páiste óg, agus, mar bhonn eolais faoi, feacht ar aois, inscne, stádas teaghlaigh, míchumas, eitneacht, reiligiún, dearcadh saoil nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil. Tá an Creat inúsáidte ag gach duine a thacaíonn le babaithe, naíonáin agus páistí óga agus tá sé úsáideach go háirithe do na hoideoirí sin a oibríonn i róil phroifisiúnta agus iad ag tacú leis an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt. Is é *Aistear* an creachuraclam do gach uile pháiste ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá sé ailínithe le *Creachuraclam na Bunscoile* (RO, 2023) atá dírithe ar pháistí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Le h*Aistear*, dearctar ar an luath-óige trí thrí aoisraon, a bhfuil forluí eatarthu, leis na difríochtaí a léiriú sa chaoi a ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga dul chun cinn nó is amhlaidh go bhfuil an fhoghlaim agus an fhorbairt uathúil casta iomlánaíoch ag gach aon duine acu. Freagraíonn na trí aoisraon fhorluiteacha seo d'indibhidiúlacht gach babaí, naíonáin agus páiste óig agus tugann an t-am, an tsaoirse agus an spás dóibh chun forbairt a dhéanamh ar luas socair faoi oideolaíocht mhall chothaitheach. Aithníonn *Aistear* a thábhachtaí atá gach aon chéim faoi leith, aisti féin.

Is iad na haoisraonta forluiteacha:

- Babaithe (ó aois na breithe go 18 mí)
- Naíonáin (12 mhí go 3 bliana)
- Páistí óga (2.5 go 6 bliana)



Fíor 1: Struchtúr Aistear

Fís

Cuireann *Aistear* ar chumas oideoirí curaclam a fhorbairt chun tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga. Cuireann sé meas ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga chun cinn mar bhunús ar ar féidir curaclam éiritheach a fhorbairt, ar curaclam ar bhonn fiosraithe é agus an súgradh mar bhunchloch faoi. Baineann oideoirí feidhm as *Aistear* le bheith ag obair i gcomhpháirt le babaithe, naíonáin, páistí óga, teaghlaigh, pobail agus páirtithe tábhachtacha eile le go dtiocfaidh bláth agus rath ar gach babaí, naíonán agus páiste óg.

Íomhá an bhabaí, an naíonáin agus an pháiste óig

In *Aistear*, dearctar ar an mbabaí, ar an naíonán agus ar an bpáiste óg mar dhaoine gníomhaíocha² inniúla muiníneacha. Déanann siad foghlaim agus forbairt laistigh de chaidrimh cheanúla mar a aithnítear an scéal saoil uathúil a bhíonn ag gach duine acu ar bhealach cineálta machnamhach.

Déanann gach babaí, naíonán agus páiste óg faoi leith foghlaim agus forbairt ina am féin agus ar a bhealach uathúil féin. Baintear feidhm in *Aistear* as cur chuige láidreachtaí-bhunaithe mar a aithnítear an acmhainneacht atá ag gach babaí, naíonán agus páiste óg.

Íomhá an oideora

In *Aistear*, dearctar ar an oideoir mar dhuine inniúil muiníneach gníomhaíoch³ machnamhach. Tacaíonn siad leis an bhfoghlaim trí bheith ag forbairt ar an taithí saoil uathúil atá ag gach babaí, naíonán agus páiste óg, agus trína fhoghlaim agus a fhorbairt iomlánaíoch a éascú, a chumhachtú agus a shaibhriú. Aithníonn an t-oideoir tábhacht an teaghlaigh, an chultúir, na (d)teanga(acha), na luachanna, an chreidimh, na dtraidisiúin, na n-eispéireas agus na spéiseanna a thugann babaithe, naíonáin agus páistí óga leo óna mbaile agus óna bpobal.

² Is é atá i gceist le gníomhaíoch ná babaithe, naíonáin agus páistí óga a mbíonn guth acu agus tionchar acu ar a gcuid foghlama féin.

³ Déanann oideoir gníomhach cinntí gairmiúla agus eolacha mar fhreagairt ar riachtanais foghlama na bpáistí.

Cuspóir


Is é is cuspóir le hAistear, tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga. Trína dhéanamh seo, is é a dhéanann Aistear:

- Tacaíonn le tuismitheoirí mar phríomhoideoirí maidir lena mbabáí, lena naíonán nó lena bpáiste óg le linn na luath-óige
- Cuireann chun cinn comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus ceangail le teaghlach agus pobal na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga
- Déanann naisc agus tacaíonn le leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga ar feadh na luath-óige de réir mar a aistríonn siad ó shuíomh amháin go suíomh eile
- Treoraíonn, feabhsaíonn agus síneann cuir chuige churaclaim reatha
- Treoraíonn an cleachtas thar réimse de shuíomhanna, disciplíní agus gairmeacha, agus spreagann obair agus comhrá idirdhisciplíneach trí íomhá chomhroinnte den bhabáí, den naíonán agus den pháiste óg
- Léiríonn meas ar ár stair agus ár scéal cultúrtha agus teanga agus, i suíomhanna Béarla, tugann isteach téarmaí Gaeilge mar chuid de seo.

Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha

Is iad prionsabail *Aistear* bunús leis an gCreat. Cuimsíonn siad príomhtheachtaireachtaí an chothromais, na saoránachta, an ionchuimsithe, an mheasa agus na freagrachta agus aithníonn ról na n-oideoirí i dtaca leis na Prionsabail seo a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn ar bhonn praiticiúil.

Tá naoi bPrionsabal uileghabhálacha ann ar gá breithniú orthu nuair a bhítear ag iarraidh fíis an churaclaim a réadú (féach Fíor 2). Tá gach Prionsabal leagtha amach ina pharagraf gairid féin. Ina dhiaidh seo, tá léiriú ar an bPrionsabal ó dhearcadh na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga, ag tarraingt aird ar ról an oideora i dtaca le guth agus tionchar a éascú sa luathfhoghlaim agus sa luathfhorbairt. Tá na Prionsabail leabaithe sna tuairiscíní Téama agus in Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama an Chreata.



Fíor 2: Prionsabail *Aistear* le haghaidh Luathfhoghlama agus Luathfhorbartha

Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda

Is saoránaigh dhomhanda inniúla mhuinéacha ghníomhaíocha iad babaithe, naíonáin agus páistí óga agus tá cearta acu. Mar dhaoine uathúla astu féin, cuireann siad a gcuid barúlacha, roghanna agus riachtanas in iúl ar an iliomad bealaí éagsúla. Tá sé de cheart acu go n-éistfí lena nguth agus go gcuirfí ar a gcumas blaiseadh a fháil ar an daonlathas. Ón taithí a fhaigheann siad mar shaoránaigh, foghlaimíonn siad, mar aon le cearta a bheith acu, go bhfuil freagracht orthu, freagrachtaí atá ag teacht chun cinn, ina leith féin, i leith daoine eile agus i leith na timpeallachta.

- *Is saoránach gníomhaíoch mé agus úsáidimse mo 'ghuth' lena léiriú duitse na nithe atá tábhachtach dom – tabhair faoi deara mé, éist liom agus freagair mé agus léirigh dom na bealaí a bhféadaimse a bheith i mo shaoránach maith trí chothromas, cothroime, ceartas agus meas a eiseamláiriú dom.*
- *Tá sé de cheart agam go gcosnófaí ar dhochar mé agus go mbeadh a fhios agam go gcabhróidh tú liom nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil uaim.*
- *Tá freagrachtaí orm, freagrachtaí atá ag teacht chun cinn, chun cúram a dhéanamh díom féin, de dhaoine eile agus den timpeallacht. Cuir deiseanna bríocha ar fáil dom le go bhféadfadh mé maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe.*
- *Cónaím in Éirinn agus, mar sin de, tá teangacha, stair agus cultúir na hÉireann tábhachtach dom. Cabhraigh liom freisin dearcthaí, tuairimí, cultúir, teangacha agus eispéiris a bheadh éagsúil le mo chuid féin a thuiscint agus meas a bheith agam orthu.*

Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

Tá sé de cheart ag gach uile bhabaí, naíonán agus páiste óg teacht a bheith aige nó aici ar eispéiris bhríocha agus a bheith rannpháirteach iontu d'fhonn a acmhainneacht a réadú mar dhuine uathúil as nó aisti féin. Bíonn an rannpháirtíocht bhríoch bunaithe ar fheasacht ar aois, inscne, stádas teaghligh, eitneacht, reiligiún, dearcadh saoil agus ballraíocht de phobal an Lucht Siúil. Léirítear meas agus déantar ceiliúradh ar ilchineálacht an teaghligh, an bhaile agus an phobail agus, san am céanna, déantar ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh. Baineann an ilchineálacht, an cothromas agus an t-ionchuimsiú le sochaí chothrom a chruthú mar a ndéanfaí bacainní a shainaithint, go rachfaí i ngleic leo faoi thimpeallachtaí cumhachtaithe ionchuimsitheacha.

- *Déan mo chuid inniúlachtaí, féiniúlachtaí, riachtanas agus acmhainneachta a aithint agus léirigh meas ar an gceart chun muintearais atá agam. Cuir tacaí i bhfeidhm le go gcuirfear ar mo chumas a bheith páirteach agus rannpháirteach ar bhealach bríoch.*
- *Déan gach dá mbainimse amach a aithint agus a cheiliúradh, ag gach aois agus ag gach céim forbartha.*
- *Is iad mo theaghlach, mo chultúr agus mo theanga(cha) dhúchais agus m'eitneacht na rudaí a fhágann gur mise Mé Féin! Déan mé a cheiliúradh agus léirigh meas ormsa, ar mo theaghlach agus ar mo phobal.*
- *Cabhraigh liom an dóigh le héagóir a aithint, le cur ina héadan agus leis an bhfód a sheasamh dom féin agus do dhaoine eile.*

Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

Tá an bunriachtanas atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga, mar atá, a bheith i gcomhlúadar daoine eile, neadaithe i gceangail chomhbhácha agus cleachtas oideolaíoch mar a ndéantar caidrimh agus idirghníomhaíochtaí ceanúla freagrúla a chothú leis na príomhdhaoine ina saolta. Déantar cairdeas luath le babaithe, naíonáin agus páistí óga eile a thabhairt faoi deara agus a cheiliúradh. Bítear an-chúramach agus tógtar neart ama chun naisc a fhorbairt agus a chothú laistigh de agus idir réimsí sóisialta an pháiste, rud atá lárnach don fholláine, don fhoghlaim agus don fhorbairt.

- *Bainimse tairbhe as am agus spás le bheith i gcomhlúadar daoine eile – gaolta, cairde, piaraí agus oideoirí mar aon le haithne a chur ar dhaoine eile i mo phobal áitiúil.*
- *Tá ceangail láidre dhaingne ann agam leis na daoine tábhachtacha i mo shaol a thógann am le haithne a chur orm agus le bheith i mo chuideachta. Aithníonn siad féin agus mé féin a luachmhaire atá oideolaíocht mhall chaidreamhach mheasúil.*
- *Tacaíonn tú liom chun mo chuid mothúchán a chomhrialú agus a fhéinrialú agus cabhraíonn liom foghlaim faoin gcaoi le bheith i gcuideachta daoine eile, le coimhlintí a ionramháil agus le fadhbanna a réiteach.*
- *Taitníonn sé liom nuair a thugtar mo chuid cairdeas faoi deara, nuair a thacaítear leo agus nuair a cheiliúrtar iad.*

Teaghlach agus Pobal

Déanann na daoine a chothaíonn agus a thugann aire do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga a saolta a shaibhriú: tuismitheoirí, teaghlach sínte, oideoirí agus baill den phobal. Spreagann babaithe, naíonáin agus páistí óga, dá réir, spraoi, dóchas agus sonas agus saibhríonn saol daoine eile. Téann taithí páistí ó cheangail sa bhaile, sa teaghlach agus sa phobal i bhfeidhm ar eispéiris foghlama babaithe, naíonán agus páistí óga agus treoraíonn iad, rud a mbíonn tionchar aige ar an tuiscint ar ilchineálacht áite, gnáthamh, teaghlai, cultúir agus teanga(cha).

- *Is iad mo thuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i mo shaol.*
- *Cabhraíonn sé liom lánacmhainneacht a bhaint amach nuair a bhíonn m'oidoir(i) ag obair i gcomhpháirt le mo theaghlach, ag léiriú meas agus urraim dá gcuid tuairimí agus saíneolais. Bíonn siad i gcónaí ag gníomhú le mo leas agus tá aithne agus eolas acu orm – ar na nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn liom.*
- *Ba mhaith liom cultúr mo mhuintire agus na nithe a cheiliúraimid a roinnt leatsa agus le mo chairde. Is féidir linn a bheith ag foghlaim óna chéile faoi theangacha, amhráin, ceol, damhsa agus scéalta.*
- *Tá mo theaghlach sínte agus mo phobal iontach tábhachtach dom. Déan na naisc seo a aithint nó baineann siad le m'fhéiniúlacht agus mo bhraistint mhuintearais.*

Oideoirí Gníomhaíocha

Bíonn oideoirí gníomhaíoch agus tacaíonn le agus éascaíonn an fhoghlaim trí aird mheasúil ar uathúlacht agus ar chearta gach babaí, naíonáin agus páiste óig, arna dtreorú ag oideolaíocht mhall

chaidreamhach. Cruthaíonn an caidreamh measúil seo idir an babaí, naíonán nó páiste óg agus daoine tábhachtacha ina saolta ciorcal slándála agus iontaobhe laistigh de agus idir timpeallachtaí foghlama. Trí mhachnamh agus comhrá, féadann oideoirí foghlaim agus forbairt páistí a dhaingniú agus a shíneadh trí oideolaíocht chearta-bhunaithe ionchuimsitheach eolasach intinneach arna treorú ag eolas agus scileanna gairmiúla.

- *Tá a fhios agam go bhfuil meas agat orm mar shaoránach domhanda uathúil, a bhfuil mo scéal saoil féin agam agus braithimse sona sábháilte agus mé i do chuideachta.*
- *Foghlaimím níos mó agus níos fearr nuair a aithníonn tú agus nuair a fhorbraíonn tú mo chuid inniúlachtaí, spéiseanna, féiniúlachtaí agus eispéireas. Tá a fhios agat na bealaí éagsúla a mbímse ag foghlaim agus ag forbairt agus cuireann tú eispéiris bhríocha ar fáil chun cabhrú liom lánacmhainneacht a bhaint amach.*
- *Tá mé muiníneach go n-aimseoidh tú acmhainní oiriúnacha agus go gcabhróidh tú liom rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar sheirbhísí gairmiúla nuair a bhíonn siad ag teastáil uaim.*
- *Cabhraíonn sé liom nuair a bhíonn tú meabhrach ar do chuid claontachtaí agus ar chlaontachtaí daoine eile agus go gcosnaíonn tú mé má bhítear do mo ghortú nó má bhíonn leithcheal á imirt orm.*

Aistrithe

Bíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga páirteach in aistrithe mar chuid de agus idir na gnáthaimh laethúla, ó sheomra amháin go seomra eile, ó shuíomh oideachasúil amháin go suíomh eile, agus idir an baile agus áiteanna eile ina gcaitheann siad am. Bíonn tábhacht ag baint le gach aistriú agus aithnítear gur próiseas é seo a thógann am seachas teagmhas aon uaire. Chun dul chun cinn san fhoghlaim agus forbairt a chinntiú mar aon le leanúnachas ó thaobh eispéireas de, bíonn caidrimh chomhsheasmhacha ag teastáil agus freagracht chomhroinnte idir teaghlaigh, feighlithe páistí⁴, oideoirí, suíomhanna agus scoileanna, le leas an bhabaí, an naíonáin agus an pháiste óig. Cinntíonn oideolaíochtaí páiste-stiúrtha agus oideolaíochtaí súgartha go bhfágann eispéiris ábhartha bhríocha, a léireodh ilchineálacht cultúir, eitneachtaí, teanga, inniúlachtaí, creidimh, dearchtaí saoil, féiniúlachtaí agus spéiseanna, go mbíonn na haistrithe agus an dul chun cinn san fhoghlaim níos taitneamhaí dearfaí éifeachtaí.

⁴ Is é an sainmhíniú atá ar fheighlíocht páistí sa [Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí, 2021 - 2028](#) (RLCMLO, 2021, lch 22) ná 'cúram leanaí íoctha, neamhghaolta, leanaí idir aois bhreithe agus 14 bliana d'aois (lena n-áirítear foghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile) ina dtugtar aire aonarach do leanaí laistigh de shuíomh teaghlaigh an fheighlí leanaí. Deirtear gur cúram 'bailebhunaithe' é feighlíocht leanaí chomh maith, seachas cúram 'ionadhbunaithe'.

- Fuair mise taithí ar chuid mhór aistrithe ón mbaile go dtí an suíomh luath-óige; ag aistriú mar chuid de agus idir ghnáthaimh an lae; ag dul ó sheomra go seomra; agus ag cur tús leis an mbunscoil nó an scoil speisialta. Is fusa an t-athrú nuair a mhothaím sábháilte agus nuair a bhíonn daoine thart orm ar cás mé leo agus a bhfuil aithne acu orm.
- Foghlaim fúm agus faoi na nithe a bhímse ag iarraidh agus a theastaíonn uaim chun na haistrithe seo agam a dhéanamh chomh dearfach éifeachtach agus is féidir. Labhair le mo theaghlach agus leis na daoine tábhachtacha eile a thugann aire dom – is acusan is mó a bhfuil aithne acu orm.
- Is foghlaiméoir gníomhaíoch muiníneach inniúil mé – tabhair faoi deara agus freagair don chaoi a mbímse ag forbairt dearcthaí, meonta agus luachanna, scileanna, eolais agus tuisceana.
- Nuair a bhíonn gach duine ag caint liomsa, agus lena chéile, fágтар go mbíonn an t-aistriú i bhfad níos fearr.

Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch

Is amhlaidh gur rud iomlánaíoch atá sa luathfhoghlaim agus luathfhorbairt, agus bíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga ag foghlaim cuid mhór rudaí nua ag an am céanna. Bíonn baint idir an méid a fhoghlaimíonn siad agus an áit, an chaoi agus cé leis a mbíonn siad ag foghlaim. Cabhraíonn measúnú leanúnach ar an méid a dhéanann, a deir agus a chruthaíonn páistí, mar aon le machnamh ar na heispéiris seo, le hoideoirí pleanáil a dhéanamh i gcomhair éagsúlacht shaibhir d'eispéiris. Trína leithéid d'eispéiris, forbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga braistint láidir folláine; bród astu féin, as a muintir agus as a bpobal; bíonn siad ina gcumarsáidithe inniúla muiníneacha agus forbraíonn siad ina dtaiscéalaithe agus ina smaointeoirí fiosracha athléimneacha.

- Agus tú ag tacú le m'fhoghlaim agus le m'fhorbairt, cuimhnigh go mbíonn an méid a fhoghlaimím agus an chaoi a bhfoghlaimím é á mhúnlú agus ag brath go mór orm féin agus ar na heispéiris foghlama a bhí agam roimhe seo le mo theaghlach, le mo phobal agus mar chuid den tsochaí níos leithne.
- Cabhraíonn sé liom nuair a thugann tú faoi deara an méid a bhíonn ar bun agam agus nuair a bhíonn am againn le bheith le chéile. Trí bheith i mo chuideachta agus trí mo 'ghuth' a thuiscint, féadann tú m'acmhainneacht mar fhoghlaiméoir a fheiceáil agus na nithe a bhfuil spéis agam iontu agus a bhfuil mé maith acu a shaináthint mar aon leis na nithe a bhféadfadh sé cabhair bhreise a bheith ag teastáil uaim ina leith.
- Bíonn mo chuid tuairimí, smaointe agus samhlúchán cruthaitheacha agam – tabhair faoi deara orthu seo, éist leo agus freagair dóibh.
- Trí chineálacha difriúla de shúgradh agus d'eispéiris phraiticiúla foghlama, tosaím ar mo chuid mothúchán a thuiscint agus a chur in iúl; de bheith ag forbairt mar thaiscéalaí, mar smaointeoir agus mar chumarsáidí; de bheith ag forbairt go sóisialta agus go cruthaitheach; a bheith folláin agus braistint láidir muintearais a bheith agam.

Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

Is trí shúgradh, eispéiris ghníomhacha phraiticiúla, ar bhonn fiosraithe, is fearr a fhoghlaimíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga nó tríothu seo, bíonn siad ag foghlaim faoin domhan mórthimpeall orthu agus forbraíonn siad ar bhonn iomlánaíoch. Cabhraíonn na heispéiris seo leo a

gcuid mothúchán a rialú agus a chomhrialú, a bheith ag forbairt mar smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga, a bheith ag forbairt go sóisialta, a bheith sona cruthaitheach samhlaíoch, agus an dúshraith a leagan chun cabhrú leo forbairt ina gcumarsáidithe agus ina dtaiscéalaithe éifeachtacha.

- *Ba mhaith liom a bheith ag súgradh agus tá sé de cheart agam a bheith ag súgradh.*
- *Tá sé tábhachtach don fhoghlaim agus don fhorbairt agam go mbeadh an t-am, an spás agus na hacmhainní agam le bheith ag súgradh.*
- *Bímse ag foghlaim nuair a bhímse gníomhach agus nuair a úsáidim mo chuid céadfaí leis an domhan a fhiosrú agus le bheith ag foghlaim faoi. Is gá teacht a bheith agam ar ábhair neamhiata nádúrtha chun cabhrú liom taiscéalaíocht a dhéanamh, a bheith cruthaitheach agus mo shamhlaíocht féin a úsáid.*
- *Bainimse leas as súgradh taitneamhach dúshlánach eachtrúil taobh istigh, agus amuigh faoin aer agus cabhraíonn sé liom an dóigh le measúnú riosca a dhéanamh, rud ar scil luachmhar dom é ar feadh an tsoil.*

Timpeallachtaí Foghlama

Bíonn tionchar ag an timpeallacht, taobh istigh agus amuigh faoin aer, ar an mbealach agus ar an méid a mbíonn páistí ag foghlaim. I gcomhairle agus i gcomhpháirt lena chéile, déanann babaithe, naíonáin agus páistí óga spásanna a bhfuil dea-chuma orthu agus atá dúshlánach ionchuisitheach a phleanáil agus a chruthú. Déanann siad a mhór, freisin, de na féidearthachtaí sa timpeallacht áitiúil. Bíonn béim ar spásanna agus acmhainní nádúrtha, ar thiomantas i leith na hinbhuanaitheachta agus ar shúgradh gníomhach eachtrúil. Tacaíonn na timpeallachtaí seo le rannpháirtíocht bhríoch babaithe, naíonán agus páistí óga, lena bhforbairt iomlánaíoch agus lena bhfoghlaim faoi áit.


- *Tabhair ról dom i dtaca le timpeallacht a chruthú ar a mbeadh taithí agam, ina n-éascófaí dom mé féin a chur in iúl agus roghanna a dhéanamh agus a bheith ag idirghníomhú le daoine eile.*
- *Ní mór an timpeallacht seo agam a bheith slachtmhar, insroichte, ionchuisitheach, sábháilte ach dúshlánach; ní mór gur spás cumhachtaithe a bheadh ann agus é a bheith nasctha. Taitníonn sé liom a bheith i spásanna inar féidir saoirse a bheith agam chun gluaiseacht ón limistéar taobh istigh go dtí an spás amuigh faoin aer. Téann sé chun sochair dom a bheith amuigh faoin aer faoin uile chineál aimsire!*
- *Tá sé de cheart agam léiriú de mo theaghlach mo phobal agus mo chultúr a fheiceáil sna hacmhainní súgartha, sna hacmhainní ceoil, sna leabhair agus sna hábhair mharc-chruthaithe a chuirfí ar fáil. Tríd an timpeallacht foghlama, forbraím tuiscint orm féin agus ar dhaoine eile nó dearbhaíonn sé cúlraí ilchineálacha. Orthu seo, bheadh grúpaí éagsúla cultúrtha, teanga, eitneacha, socheacnamaíocha agus cumais agus cuireann sé seo in éadan na steiréitíopaí.*
- *Bainimse leas as bheith ag foghlaim i mo cheantar áitiúil féin. Bíonn sé tábhachtach freisin a bheith i measc an dúlra agus a bheith ag foghlaim faoin dúlra nó tá sé de fhreagracht orm aire a thabhairt dom féin agus don timpeallacht seo agam, mar sin de, cabhraigh liom maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe.*

Téamaí

In *Aistear*, úsáidtear ceithre théama idirnasctha, agus an Fhís agus na Prionsabail mar bhonn agus mar thaca fúthu, chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt páistí:

- Folláine
- Féiniúlacht agus Muintearas
- Cumarsáid
- Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Tá cur síos i ngach Téama ar uailmhianta maidir lena bhfoghlaiméoidh babaithe, naíonáin agus páistí óga. Tar éis an chur síos Téama, tá ceithre Aidhm, agus trí Sprioc Foghlama ag baint le gach ceann acu. Is é atá iontu seo ná ráitis leathana ach inbhraite lena gcuirtear brí sna meonta, dearchtaí agus luachanna dearfacha mar aon le scileanna, eolas agus tuiscint. Tá siad ann chun an phleanáil a threorú le haghaidh fhoghlaim babaithe, naíonán agus páistí óga agus chun tacú leis an doiciméadú agus an measúnú a dhéantar ar a ndul chun cinn. Tríd na hAidhmeanna agus na Spriocanna Foghlama a léirmhíniú, cuireann oideoirí ar chumas babaithe, naíonán agus páistí óga a bheith ag foghlaim agus forbairt ar lánacmhainneacht trí rannpháirtíocht i gcuraclam éiritheach ar bhonn fiosraithe ar bhealaí bríocha taitneamhacha.



Fíor 3: Téamaí *Aistear*

Folláine

Baineann téama na Folláine le babaithe, naíonán agus páistí óga atá muiníneach sona sláintiúil.

Cuireann caidrimh agus idirghníomhaíochtaí go mór le folláine babaithe, naíonán agus páistí óga. Bíonn ról ag gaolta, cairde agus baill den phobal i dtaca le braistint folláine, ceangail agus *meithle* (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail) babaithe, naíonán agus páistí óga a bhreisiú. Nuair a bhítear eolach ar a luachmhaire atá oideolaíocht mhall chothaitheach agus an t-am a ghlacadh le machnamh a dhéanamh ar luach na n-amanna beaga le linn ghnáthaimh an lae, cruthaítear spásanna do na hidirghníomhaíochtaí seo agus feabhsaítear an fholláine. Is féidir fosta go mbeadh dúshláin agus streachailtí ann sa saol. Cuireann an tsolúbthacht, mar aon le dearcadh dearfach ar an bhfoghlaim agus ar an saol, leis an bhfolláine. Is féidir go gcuirfeadh na heispéiris seo ar chumas babaithe, naíonán agus páistí óga a bheith athléimneach seiftiúil, agus a fhoghlaim an chaoi le plé le cora an tsaoil, ach tacaíocht agus grá a bheith acu ó dhaoine tábhachtacha ina saolta. Tá sé de cheart ag babaithe, naíonán agus páistí óga go mbraithfidís go bhfuil luach leo, meas orthu, cumhacht acu agus go gcuimsítear iad i gcúrsaí. Tá sé de cheart acu a bheith gníomhaíoch agus ionchur a bheith acu i gceisteanna a mbíonn tionchar acu orthu. Léiríonn siad urraim freisin dóibh féin, do dhaoine eile agus dá dtimpeallacht. Trína léiriú féin go cruthaitheach agus trí thaithí a fháil ar ghné spioradálta den saol, feabhsaítear braistint folláine babaithe, naíonán agus páistí óga. Soláthraítear deiseanna dóibh le cur lena mbraistint ar ionadh, draíocht, nósanna, buíochas agus taitneamh a bhaint as an saol.

Tá sé tábhachtach dea-shláinte fhisiceach na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga a chur chun cinn. Trí bheith ag foghlaim conas roghanna sláintiúla a dhéanamh i dtaca le cothú, gnáthaimh, scíth agus codladh, sláinteachas, aclaíocht, súgradh agus teicneolaíochtaí digiteacha, cuirtear ar chumas babaithe, naíonán agus páistí óga cúram a dhéanamh dóibh féin. Cuireann an fholláine fhisiceach ar a gcumas taiscéalaíocht a dhéanamh, a bheith ag fiosrú, a bheith eachtrúil, a bheith gníomhaíoch, dúshláin a leagan síos dóibh féin agus measúnú riosca a dhéanamh. Feabhsaíonn sí a neart, a gcomhordú agus forbairt na scileanna mínluaile agus oll-luaile acu, lena n-áirítear bunghluaiseachtaí. Bíonn siad misniúil agus tá sé de cheart acu taithí a fháil ar an tsaoirse, meancóga a dhéanamh agus dul sa seans ó thaobh riosca de. Tacaíonn an súgradh fhisiceach gníomhach agus eispéiris amuigh faoin aer a bhfolláine iomlánaíoch. Cuirtear ar chumas gach babaí, naíonán agus páiste óig tabhairt faoi dhúshláin ar bhealaí ina mbíonn aitheantas ann dá gcuid inniúlachtaí agus láidreachtaí reatha. Lena leithéid de dhúshláin, cuirtear chun cinn

feasacht mhéadaitheach ar a gcorp agus iad ag fás agus ag forbairt, lena n-áirítear féinriar colainne agus toiliú⁵.

Aidhm 1: Beidh babaithe, naíonáin agus páistí óga láidir ar bhonn síceolaíoch agus sóisialta.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Ceangail dhaingne a fhorbairt agus taithí a fháil ar chaidrimh sheasmhacha chómhgartacha chothaitheacha lena dtacaítear le muinín agus nascacht le gaolta, cairde, oideoirí agus pobal.
- A bheith muiníneach neamhspleách agus scileanna féinchabhrach agus féinchúraim a fhorbairt.
- An chaoi le haistrithe a thuar agus a láimhseáil go maith agus cumas a fhorbairt a gcuid braistintí agus mothúchán a chur in iúl chun ciall a dhéanamh d'eispéiris saoil agus le bheith in ann déileáil le dúshláin.

Aidhm 2: Beidh babaithe, naíonáin agus páistí óga chomh sláintiúil aclaí agus is féidir.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Meas a bheith acu ar a gcorp agus a gcorp a chothú agus a sláinte agus folláine féin a chur chun cinn trí mheonta agus roghanna dearfacha lena léireofaí meas ar a gcuid roghanna maidir le cothú, sláinteachas, aclaíocht, scíth agus codladh, teicneolaíochtaí digiteacha agus gnáthaimh.
- A gcorp a úsáid le bogadh/bheith gníomhach, le taithí a fháil, le fiosrú agus taiscéalaíocht a dhéanamh, agus lena bhfisiciúlacht a shíneadh trí thimpeallachtaí cumasaithe ionchuimsitheacha agus eispéiris spráúla lena spreagfaí cleachtadh, dúshláin, eachtraíocht agus máistreacht.
- Riosca agus eachtraíocht a mheas, a bhlaiseadh agus a bhainistiú, lena n-áirítear sábháilteacht coirp, féinriar colainne agus toiliú, trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas sa timpeallacht foghlama taobh istigh agus amuigh faoin aer.

⁵ Toiliú is ea nuair a lorgáimid cead go dtarlódh rud éigin nó nuair a aontaímid rud éigin a dhéanamh. Éilíonn sé seo meas agus cumarsáid ón dá pháirtí agus is coincheap tábhachtach é ar cheart do bhábaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith ag foghlaim faoi ó aois óg i leith. Cuimsíonn toiliú eolas mar gheall ar a dteorainneacha féin agus teorainneacha daoine eile mar aon le meas orthu sin.

Aidhm 3: Beidh babaithe, naíonáin agus páistí óga cruthaitheach spioradálta atruach.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- A bheith cineálta fiosrach, ina smaointeoirí machnamhacha agus ina ndéantóirí céille.
- A bheith cruthaitheach agus céimeanna a ghlacadh le bheith ag fiosrú, ag baint triail as rudaí, ag samhlú agus á gcur in iúl féin ar éagsúlacht de shlite.
- A spioradáltacht a bhreisiú trína mbraistint ar ionadh, draíocht agus buíochas a chothú agus trí cheiliúradh a dhéanamh ar eitneacht, cultúir, traidisiúin, féilte, an dúlra agus nósanna.

Aidhm 4: Beidh babaithe, naíonáin agus páistí óga ina saoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha agus beidh dearcadh dearfach acu ar an bhfoghlaim agus ar an saol.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Neamhspleáchas a léiriú agus roghanna agus roghnachas a chur in iúl agus cinntí a dhéanamh dóibh féin agus dá bpobal lena léireofaí meas ar an ilchineálacht agus ionchuimsiú.
- Forbairt a dhéanamh ar bhonn iomlánaíoch agus braistint máistreachta agus féinmhuiníne a léiriú i dtaobh a gcuid inniúlachtaí féin, rioscaí foghlama a ghlacadh agus meonta foghlama amhail diongbháilteacht, buanseasmhacht, neamhspleáchas, athléimneacht, comhbhá agus seiftiúlacht a léiriú.
- A n-áit féin sa domhan a fhiosrú agus a shainaithe, agus an chumhacht a fhorbairt chun maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe mar shaoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha mheasúla chásmhara chomhbhácha.

Féiniúlacht agus Muintearas

Baineann téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais le babaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith ag forbairt tuiscint dhearfach orthu féin, bunaithe ar fheasacht ar aois, inscne, stádas teaghlaigh, míchumas, eitneacht, creideamh, dearcadh saoil nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil, agus le braistint dhearfach a bheith acu orthu féin, go bhfuil ardmheas orthu agus urraim dóibh mar chuid de theaghlach agus de phobal, agus iad ag mothú go bhfuil tacaíocht acu agus braistint meithle (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail) i réim.

Ón mbreith i leith, forbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga braistint ar a bhféiniúlacht féin. Imríonn caidrimh le daoine muinteartha, daoine fásta agus páistí eile, cairde, piaraí agus daoine dá bpobal ról ríthábhachtach i bhforbairt a bhféiniúlachta. Bíonn féiniúlachtaí iolracha ag babaithe, naíonáin agus páistí óga agus múnlaítear a mbraistint ar a bhféiniúlacht lena dtaithí féin, lena dtimpeallacht agus lena dtuiscint orthu féin, ar a dteaghlach agus ar dhaoine eile. Baineann muintearas le caidreamh láidir agus le braistint d'*aoibhneas croí* a bheith agat i leith na ndaoine i do shaol. Nuair a bhíonn braistint muintearais ag babaithe, naíonáin agus páistí óga agus braistint bróid as a dteaghlach, i leith a gcairde, piaraí, agus as a bpobal, is féidir iad a bheith láidir ar bhonn mothúcháinach, muiníneach, a bheith in ann dul i ngleic le dúshláin agus le deacrachtaí. Cruthaíonn sé seo dúshraith thábhachtach faoina bhfoghlaím agus faoina bhforbairt.

Faightear tacaíocht ó *Aistear* chun teachtaireachtaí de *mheas, grá*, dearbhú agus spreagadh a thabhairt do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga le go mbeidh braistint dhearfach acu ar a bhféiniúlacht féin agus le go bhféadann siad a bheith muiníneach go n-éistear lena nguth agus go bhfreagraítear dó. Tugann na teachtaireachtaí seo muinín dóibh freisin lena gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl, le roghanna a dhéanamh agus le ról a bheith acu i múnlu a gcuid foghlama féin. Le h*Aistear*, cuirfear cleachtas chun cinn lena gcuimsítear ilchineálacht agus machnamh ar mheonta i leith an chomhionannais agus na hilchineálachta. Tá aitheantas ann go mbíonn tionchar ag a leithéid de mheonta agus luachanna ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga, rud a thacaíonn le hoideoirí chun léargais, féinfheasacht agus scileanna a fhorbairt chun babaithe, naíonáin agus páistí óga a chumhachtú chun braistint láidir féiniúlachta agus muintearais a fhorbairt. Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go mbíonn meas ar agus urraim ann do gach babaí, naíonán agus páiste óg agus go bhféadann siad an leithcheal agus an chlaontacht a aithint agus freagairt dóibh.

Aidhm 1: Beidh féiniúlachtaí láidre ag babaithe, naíonáin agus páistí óga agus beidh meas orthu agus déanfar iad a cheiliúradh mar dhaoine uathúla a bhfuil a scéalta saoil féin acu.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Caidrimh mheasúla a fhorbairt le daoine eile agus meas a léiriú ar a n-uathúlacht agus ar a n-éagsúlacht féin agus ar uathúlacht agus éagsúlacht daoine eile.
- Bród a bheith orthu agus iad a bheith muiníneach as eolas a chur ar a scéal féin, a stair, cultúr, féiniúlachtaí agus teanga(cha) d(h)úchais.
- Braithfidh siad go bhfuil meas orthu agus feicfidh léiriú orthu féin agus ar a spéiseanna agus féiniúlachtaí sa timpeallacht agus a fhios acu go bhfuil a gcuid smaointe, roghanna, riachtanas agus ceart, mar aon le smaointe, roghanna, riachtanais agus cearta a gcairde agus a bpiaraí, á dtabhairt faoi deara agus á bhfreagairt ar bhonn measúil comhsheasmhach.

Aidhm 2: Beidh braistint d'fhéiniúlacht ghrúpa ag babaithe, naíonáin agus páistí óga maidir le cairde, piaraí, oideoirí agus lena muintir agus a bpobal

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Beidh a fhios acu go bhfuil áit acu agus go bhfuil sé de cheart acu a bheith mar chuid den ghrúpa nó aithneoidh siad ó instinn go bhfuil fáilte rompu féin agus roimh na daoine tábhachtacha ina saolta agus go ndéanfar iad a cheiliúradh.
- A bheith in ann taithí phearsanta maidir lena dteaghlach agus a gcultúr féin a chomhroinnt agus eolas agus tuiscint a chur ar ilchineálacht struchtúir, gnásanna, traidisiúin agus féilte a dteaghlai agus na nithe seo a cheiliúradh.
- Iad féin a fheiceáil mar chuid den phobal trí eolas agus aithne a chur ar thréithe agus ar mhuintir an cheantair áitiúil, eolas a chur ar an bhfreagracht atá orthu i dtaca le cúram a dhéanamh de agus aire a thabhairt don timpeallacht agus a bheith eolach ar spiorad pobail na meithle (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail) ina saolta.

Aidhm 3: Déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga a gcearta a chur in iúl agus tacófar leo chun tuiscint agus meas a fhorbairt ar fhéiniúlacht, ar chearta agus ar dhearcthaí daoine eile.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Beidh a fhios acu go bhfuil spás ann ina mbíonn sé de chumhacht acu a gcuid dearcthaí a chomhroinnt agus ina mbraithfidh siad muiníneach go gcluinfear agus go bhfreagrófar dá nguth i dtaca le gach ceist a théann i bhfeidhm orthu.
- Tús a chur le tuiscint a fháil ar rialacha agus ar theorainneacha idirghníomhaíochtaí agus caidreamh agus foghlaimoidh siad an chaoi le bheith ag idirghníomhú ar bhonn comhoibrítheach agus le bheith ag cabhrú le daoine eile, mar aon leis an eolas a bheith acu go bhfuil tacaíocht ann dóibh chun a gcuid mothúchán féin a chomhrialú agus a fhéinrialú.
- Braistint ar cheartas sóisialta agus cothroime a fhorbairt, a bheith meabhrach ar chearta daoine eile agus meas a léiriú orthu agus, san am céanna, scileanna comhoibríthe, freagrachta, idirbheartaíochta agus réitithe coimhlinte a fhorbairt.

Aidhm 4: Feiceann babaithe, naíonáin agus páistí óga iad féin mar fhoghlaimoirí inniúla muiníneacha gníomhaíocha.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Réimse leathan d'inniúlachtaí agus de spéiseanna a fhorbairt, spreagadh chun gnóthachtála a fháil trí mheas a bheith acu ar a gcuid láidreachtaí agus modhanna foghlama uathúla féin.
- Muinín agus féinmhuinín mhéadaitheach a léiriú i dtaca lena bhfoghlaim féin a stiúradh agus a mheasúnú agus scileanna agus eolas a chomhroinnt le daoine eile.
- Meonta amhail fiosracht, dianseasmhacht, neamhspleáchas agus freagracht a léiriú trí rannpháirteachas le heispéiris foghlama arna spreagadh ag macnas (fonn súgartha).

Cumarsáid

Baineann Téama na Cumarsáide le babaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith ag comhroinnt a dtaithe, a gcuid tuairimí, a smaointe, a mothúcháin, a spéiseanna, a riachtanais agus a gcearta le daoine eile agus iad ag éirí níos muiníní inniúla i rith an ama, ar éagsúlacht de bhealaí agus de chúiseanna.

Tá díocas ó nádúr ar bhábaithe, naíonáin agus páistí óga chun cumarsáid a dhéanamh agus a gcumas mar fhoghlaimoirí gníomhaíocha a úsáid chun eolas a thabhairt, eolas a fháil agus ciall a dhéanamh d'eolas agus den domhan mórthimpeall orthu. Déanann gach babáí, naíonán agus páiste óg cumarsáid, bíonn rannpháirteach, roinneann, nascann agus idirghníomhaíonn le daoine eile ar a mbealach féin, ag úsáid modhanna éagsúla cumarsáide, agus aird faoi leith acu ar a dtaithe saoil uathúil féin. Úsáideann siad modhanna iolracha chun cumarsáid a dhéanamh, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do: gothaí gnúise, gothaí, iompraíochtaí, gluaiseachtaí coirp, plobaireacht, gogalach, teanga(cha); teicneolaíochtaí digiteacha agus cúnta; agus cumarsáid bhreitheach agus mhalartach. D'fhéadfadh sé go n-úsáidfidís Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Lámh nó Braille chun cumarsáid a dhéanamh nó go gcuirfidís iad féin in iúl tríd an ealaín, marc-chruthú, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, scríbhneoireacht agus scéalta. De bhreis ar aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don iliomad modhanna cumarsáide seo, tacaíonn *Aistear* leis an bhfoghlaim i dtaobh thábhacht na *Gaeilge* inár n-oidhreacht chultúrtha.

Déanann babaithe, naíonáin agus páistí óga a dtuiscint ar an domhan a fhairsingiú trí chiall a bhaint as a gcuid eispéireas trí theanga(cha) agus trí eispéiris litearthachta agus uimhearthachta a bhíonn ag teacht chun cinn. Bíonn dúshraith láidir sa teanga/sna teangacha ó bhéal tábhachtach agus foghlaimíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga go gasta faoi chumhacht agus faoi bhrí na siombailí, trí thaithe fhairsing ar leabhair. Tosaíonn siad de bheith ag tuiscint agus ag úsáid foclóir leathan agus de bheith ag déanamh siombailí chun tuairimí agus smaointe a chur in iúl. Cabhraíonn sé seo leo meonta dearfacha foghlama a fhorbairt i dtaobh teangacha, litearthachta agus cumarsáide. Bíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga ag cumarsáid níos mó ná riamh trí theicneolaíochtaí digiteacha agus éascaíonn oideoirí a n-úsáid seo ar bhealaí sábháilte stuama. Baineann babaithe, naíonáin agus páistí óga idir leas agus thairbhe, freisin, as a gcur in iúl féin go cruthaitheach samhlaíoch. Trí thaithe a fháil ar thimpeallacht ionchuimsitheach shaibhir cumarsáide, cuirtear ar a gcumas a bheith ina gcumarsáidithe gníomhaíocha inniúla muiníneacha.

Aidhm 1: Bainfidh babaithe, naíonáin agus páistí óga feidhm as modhanna iolracha cumarsáide.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Beidh siad ina gcumarsáidithe gníomhaíocha a rachaidh i bhfeidhm ar agus a thionscnóidh idirghníomhaíochtaí agus comhráite.
- Freagairt don iliomad bealaí ina ndéanann daoine cumarsáid agus iad a aithint agus a thuiscint, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, comharthaí, gothaí gnúise, comharthaíocht choirp agus teicneolaíochtaí cúnta.
- Straitéisí éagsúla cumarsáide a chumasc chun roghanna, smaointe agus tuairimí a chur in iúl.

Aidhm 2: Bainfidh babaithe, naíonáin agus páistí óga úsáid as teanga(cha)

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Cumarsáid, lena n-áirítear trí theanga(cha) ó bhéal a úsáid go muiníneach inniúil ar réimse de chúiseanna – gogalach, comhrá, plé, súgradh, triail, ceistiú, rioscaí a ghlacadh, fuaim/patrún/rithim/rím a fhiosrú, agus athrá.
- Idirghníomhú le daoine eile chun eolas a thabhairt agus a fháil, le bheith ag éisteacht agus le sealanna a ghlacadh i gcomhráite agus sa scéalaíocht, le tuairimíocht, smaointe agus mothúcháin a shoiléiriú, le ceisteanna a chur, le rudaí a dhiúltú, le hidirbheartaíocht a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.
- Éireoidh siad muiníneach dearfach i dtaobh ár gcuid teangacha náisiúnta, mar atá, Gaeilge, Béarla agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, i dtaobh a dteanga(cha) d(h)úchais féin agus beidh feasacht agus meas acu ar theangacha eile.

Aidhm 3: Déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga a dtuiscint ar an domhan a fhairsingíú trí chiall a bhaint as a gcuid eispéireas trí eispéiris litearthachta agus uimhearthachta a bhíonn ag teacht chun cinn.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Taithí a fháil agus éirí cleachta le foclóir leathan agus foclóir leathan a úsáid agus eolas a chur ar éagsúlacht de shiombailí (pictiúir, ábhar clóite, uimhreacha, tacaí físe) is féidir a úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus a aithint go bhféadann daoine eile iad seo a thuiscint.
- Taithí a fháil ar thimpeallacht atá saibhir ó thaobh ábhar clóite de agus teacht isteach ar luach na leabhar agus na dteicneolaíochtaí digiteacha mar fhoinsé eolais le bheith ag foghlaim faoin domhan.
- Deiseanna a bheith acu le haghaidh marc-chruthú agus éagsúlacht de mheáin a úsáid ar bhealaí iolracha lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na healaíona, cineálacha éagsúla de shúgradh agus de theicneolaíochtaí digiteacha mar bhealach le heispéiris a léirmhíniú agus a chomhroinnt, le fadhbanna a réiteach agus le tuairimíocht, smaointe agus mothúcháin a chomhroinnt.

Aidhm 4: Cuirfidh babaithe, naíonáin agus páistí óga iad féin in iúl go cruthaitheach samhlaíoch.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- An chaoi le mothúcháin, tuairimí agus smaointe a chomhroinnt trí chineálacha éagsúla súgartha agus trí eispéiris ionchuimsitheacha cruthaitheacha lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, damhsa, teicneolaíochtaí digiteacha, drámaíocht, ceol, amhráin, scéalta agus na hamharc-ealaíona.
- Eispéiris luathlitearthachta a chur in iúl agus a fhorbairt trí chur in iúl cruthaitheach agus scileanna in úsáid amhail marc-chruthú; gearradh; tarraingt pictiúir; ealaín neamhbhuan; greamú; péinteáil; tógáil; priontáil, dealbhú; agus obair snáithe, fuáil agus fíodóireacht, mar a mbeadh an bhéim ar an bpróiseas, seachas ar an táirge.
- Muinín a fhorbairt agus a léiriú i dtaca le rudaí úra a thriail, rioscaí a ghlacadh, fadhbanna a réiteach agus smaointeoireacht chriticiúil agus iad féin a chur in iúl ar réimse de bhealaí éagsúla.

Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Is éard atá i gceist leis an Téama Iniúchadh agus Smaointeoireacht ná babaithe, naíonáin agus páistí óga mar fhoghlaiméoirí gníomhaíochta agus cumasacha, ag baint brí as na rudaí, na háiteanna agus na daoine ina saol trí bheith ag idirghníomhú le daoine eile; ag súgradh leo; ag iniúchadh; ag smaoineamh; ag ceistiú; agus ag cruthú agus ag tástáil smaointe agus iad a thabhairt chun míneadais.

Baineann babaithe, naíonáin agus páistí óga úsáid as a gcéadfaí, a n-aighe agus a gcorp le fáil amach agus le brí a chur ar an méid a fheiceann, a bhraitheann agus a fheictear dóibh sa domhan mórthimpeall orthu. Nuair a bhraitheann siad sábháilte agus slán, agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu, baineann siad sult as a bheith ag fiosrú agus ag foghlaim faoina ndomhan féin. Tríd an iniúchadh seo, tógann siad eolas agus tuiscint, forbraíonn siad scileanna agus meonta nua, bíonn siad i mbun fiosraithe agus machnaimh. Baineann siad taitneamh freisin as coincheapa agus smaointe luatha eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaiticiúla a fhiosrú agus a thástáil. Foghlaimíonn siad freisin faoin am atá thart agus faoi thionchar na staire orthu féin agus ar a bpobal. Foghlaimíonn siad faoi thíreolaíocht agus faoin oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe. Trí iniúchadh chomh gníomhach seo ar a dtimpeallacht, agus oideolaíochtaí beartaithe á dtreorú, foghlaimíonn babaithe, naíonáin, agus páistí óga faoina ndomhan féin agus forbraíonn siad feasacht agus tuiscint ar a ról maidir le haire a thabhairt don domhan.

Trí shúgradh agus idirghníomhaíocht a dhéanamh le daoine eile in eispéiris spráíúla foghlama ar bhonn fiosraithe, cumasaítear babaithe, naíonáin agus páistí óga le bheith cruthaitheach, le dul sa seans agus le nithe a fhionnachtain dóibh féin. Foghlaimíonn siad cén chaoi le smaoineamh agus forbraíonn siad scileanna meiteachognaíochta. Agus iad ag súgradh, bíonn siad i mbun machnaimh agus i mbun measúnaithe ar a gcuid foghlama féin. Déanann siad a gcuid teoiricí a atástáil agus forbraíonn siad meonta foghlama, ag glacadh le fionnachtana agus eispéiris nua i dtimpeallacht foghlama ionchuimsitheach agus inrochtana. Bíonn tiomantas nádúrtha ag gach babaí, naíonán, agus páiste óg tuiscint a fháil ar a ndomhan. Is féidir le hoideoirí foghlaim a chothú trína dtimpeallacht a ullmhú agus múscailtí agus eispéiris a phleanáil do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga trínar féidir leo rath a bhrath mar fhoghlaiméoirí. Ciallaíonn sé sin gníomhaíochtaí oiriúnacha d'éilimh aonair na bpáistí a phleanáil, gníomhaíochtaí a nascann lena n-eispéiris agus lena gcuid spéiseanna. Ag an am céanna, léirítear spéiseanna agus eispéiris nua do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga agus cuirtear dúshlán rompu forbairt a dhéanamh ar a gcuid eolais, a gcuid scileanna a bheachtú, agus obair le chéile le fadhbanna a réiteach.

Aidhm 1: Foghlaimeoidh babaithe, naíonáin agus páistí óga faoin domhan mórthimpeall orthu agus gheobhaidh tuiscint air.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Plé, iniúchadh agus triail ina dtimpeallacht tríd an súgradh ina n-aonair agus le daoine eile.
- A nasc leis an timpeallacht agus an fhreagracht atá acu ina leith agus i leith an phobail a aithint, agus aithne a chur ar agus meas a léiriú ar dhaoine, áiteanna, flóra agus fána áitiúil.
- Deiseanna a thapú maidir leis an domhan a fhiosrú trí eispéiris chomhtháite foghlama ealaíne, teangeolaíoch, tíreolaíoch, stairiúla, teicniúla, innealtóireachta agus matamaiticiúla a fhaightear tríd an súgradh.

Aidhm 2: Forbróidh agus úsáidfídh babaithe, naíonáin agus páistí óga scileanna agus straitéisí breathnóireachta, ceistiúcháin, fiosrúcháin, tuisceana, idirbheartaíochta agus réitigh fadhbanna, agus braithfidh siad gur taiscéalaithe agus smaointeoirí iad.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Naisc agus ceangail a dhéanamh idir foghlaim nua agus na rudaí atá ar eolas acu cheana féin, agus an t-am agus an spás acu teoiricí a fhiosrú agus a fhorbairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an domhan.
- Éagsúlacht acmhainní, múscailtí agus ábhar a fhiosrú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha, le faisnéis faoin domhan mórthimpeall orthu a bhailiú agus a úsáid.
- Comhoibriú agus súgradh le páistí eile le spéiseanna a roinnt, le foghlaim faoin am atá thart, faoin am i láthair agus faoin todhchaí, le bheith cruthaitheach agus le smaoinemh go loighciúil.

Aidhm 3: Beidh deiseanna ag babaithe, naíonáin agus páistí óga nascadh leis an nádúr agus am tairbheach a chaitheamh amuigh faoin aer.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Naisc agus tuiscint áite leis an nádúr a bhrath, trí bheith sa nádúr agus trí scéalta, seanchas agus súgradh a nascadh leis an oidhreacht áitiúil le tuiscint níos doimhne a fháil ar an timpeallacht le linn na séasúr.
- Feasacht chéadfach a fhorbairt ar dhathanna, cruthanna, bolaithe, agus gluaiseachtaí; dúshlán a chur rompu féin i súgradh fiontrach agus gníomhach.
- Foghlaim faoin saol ar an talamh agus san uisce trí eispéiris a bheith acu, fionnachtain a dhéanamh, ceistiú, bheith rannpháirteach, iniúchadh agus fiafraí tríd an súgradh agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus leabhair le taighde a dhéanamh agus cur le heolas ar ár bpláinéad.

Aidhm 4: Beidh dearcthaí dearfacha ag babaithe, naíonáin agus páistí óga i leith na foghlama agus forbróidh siad meonta ar nós an neamhspleáchais, na fiosracha, na spráúlachta, na buanseasmhachta, na hacmhainneachta, na féinmhuiníne, na seiftiúlachta agus dul sa seans.

Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- Muinín a léiriú maidir le bheith in ann rudaí a dhéanamh dóibh féin, iad féin a fheiceáil mar fhoghlaimoirí gníomhaíocha atá oscailte do smaointe agus eispéiris nua.
- Scileanna ardsmaointeoireachta a fhorbairt, mar shampla, réiteach fadhbanna, tuar, anailísiú, ceistiú, agus cosaint, tríd an súgradh agus trí iniúchtaí spráúla.
- A thuiscint go n-éistear lena nguth agus go bhfreagraítear dóibh agus iad ag roinnt smaointe, tuairimí agus ceisteanna ar a n-aistear foghlama.

Tacú le hAistear

Meán Fómhair 2023

Réamhrá

Feidhmíonn Aistear mar scafall ó thaobh oideoirí a chumasú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga a dhaingniú, le tacú leis an bhfoghlaim, lena feabhsú agus lena cur leis. Tá moltaí sa chuid seo maidir leis an gcaoi ar féidir tacú le hAistear trí na Treoirlínte le hAghaidh an Dea-Chleachtais, Uirlisí Úsáide Aistear (www.curriculumonline.ie/Early-Childhood), *Treoir Chleachtais le haghaidh Aistear Síolta* (www.aistearsiolta.ie), agus tarraingítear aird ar na coinníollacha níos leithne ina gcuirtear Aistear i bhfeidhm.

Cuirtear réimse acmhainní, lena n-áirítear ábhair ilmheáin, ar fáil d'oidoírí luath-óige, tuismitheoirí agus feighlithé leanaí in Uirlisí Úsáide Aistear. Moltar go ndíreoidh na hUirlisí Úsáide go sonrach ar an gCreat, go léireoidh sé aoisraon babaithe, naíonán agus páistí óga agus na comhthéacsanna éagsúla ina gcaitheann siad a gcuid ama. Féadfaidh deiseanna foghlama samplacha a bheith mar chuid de, agus tógfaidh sé ar agus nascaidh sé leis na Treoirlínte le hAghaidh an Dea-Chleachtais a leagfar amach níos déanaí sa chuid seo. Cuirfear le hUirlisí Úsáide Aistear thar am agus mar fhreagar ar riachtanais an dream a bhfuil Aistear in úsáid acu.

Tacaíonn *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* le hoideoirí ó thaobh Aistear agus *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cailíochta d'Oideachas Luath-Óige* a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar chaighdeán an churaclaim agus tacú le foghlaim agus forbairt na bpáistí. Áirítear leis an *Treoir Chleachtais*, atá mar chuid de [Thionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear](#), réimse acmhainní chun cuidiú le hoideoirí machnamh criticiúil a dhéanamh ar an gcuraclam agus chun na rudaí a oibríonn go maith a shainiú ann. Déantar acmhainní ar an Treoir Chleachtais a fhorbairt i gcomhpháirtí leis an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Better Start.

Tá dhá chuid sa chuid eile den rannán seo:

- Cuid A – Molann na **Treoirlínte don Dea-Chleachtas** tacar smaointe móra a dhíríonn ar Phrionsabail agus Téamaí Aistear. Tá na smaointe móra seo in ainm a bheith ina n-ardán leis na Treoirlínte don Dea-Chleachtas in Uirlisí Úsáide Aistear a nuashonrú agus a leathnú.
- Cuid B – Tarraingíonn **Tacú le hOideoirí** aird ar na coinníollacha níos leithne a theastaíonn le tacú le Fís agus Prionsabail Aistear.

A. Treoirlínte don Dea-Chleachtas

Forbraíonn na Treoirlínte don Dea-Chleachtas ar roinnt smaointe tábhachtacha a tugadh isteach sna Prionsabail agus Téamaí. Léiríonn sé freisin teachtaireachtaí tábhachtacha, nó smaointe móra, eile ó Chéim 1 den chomhairliúchán le hAistear a nuashonrú, agus ó [thaighde](#) agus athruithe níos leithne sochaíocha agus beartas. Déantar na smaointe móra a leagan amach anseo de réir leagan bunaidh Aistear de na *Treoirlínte don Dea-Chleachtas*:

- [Comhpháirtíochtaí idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí](#)
- [Foghlaim agus Forbairt trí mheán na hldirghníomhaíochta](#)
- [Foghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha](#)

- [Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an Mheasúnaithe.](#)

Moladh go ndéanfaí iad seo a shíneadh agus go gcuirfí leo trí acmhainní a forbraíodh d’Uirlisí Úsáide *Aistear*. Tá samplaí de na hacmhainní seo ar fáil in Aguisín 1. Sna codanna seo a leanas, tá líne faoi phríomhthéarmaí le forbairt fhéideartha a d’fhéadfaí a dhéanamh ar threoir sna réimsí seo a chur in iúl.

Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí

Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i luathshaol a gcuid páistí. Foghlaimíonn páistí faoin domhan agus faoina n-áit sa domhan trína gcuid comhráite, gníomhaíochtaí súgartha, agus gnáthaimh le tuismitheoirí agus teaghlaigh. Trí obair le chéile, is féidir le tuismitheoirí agus oideoirí cur le foghlaim agus le forbairt a gcuid páistí. Tugtar breac-chuntas sa treoir seo maidir lena bhfuil i gceist le comhpháirtíocht, agus déantar cur síos freisin ar na bealaí éagsúla inar féidir le tuismitheoirí agus oideoirí comhoibriú chun leasa babaithe, naíonán agus páistí óga.

Comhpháirtíochtaí agus ceangail

Tógann sé meitheal chun leanbh a thógáil

(It takes a village to raise a child)

Aithníonn *Aistear* ról tuismitheoirí mar phríomhoideoirí a gcuid babaithe, naíonán agus páistí óga. Aithníonn an Creat freisin an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí, ceangail agus comhoibríthe idir tuismitheoirí, caomhnóirí, seantuismitheoirí agus daoine tábhachtacha eile, ar nós feighlíte leanaí agus oideoirí, a thacaíonn lena gcuid foghlama agus forbartha. Leagann *Aistear* luach ar struchtúr teaghlaigh gach babaí, naíonáin agus páiste óig, agus ar an eolas a thugann siad leo óna gcuid eispéireas.

Leagtar béim ann freisin ar an tábhacht a bhaineann le caidrimh a thógáil le tuismitheoirí, caidrimh a bhíonn bunaithe ar mhuintir. Ar an gcaoi chéanna a dtugtar aitheantas d’idirghníomhaíochtaí treorach le babaithe, naíonáin agus páistí óga, idirghníomhaíochtaí a bhaineann le hoideolaíocht mhall chaidreamhach, leagtar béim ag an am céanna ar am agus spás a chruthú le comhráite agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha a bheith ann le tuismitheoirí agus teaghlaigh. Aithníonn *Aistear* freisin an tábhacht a bhaineann le comhoibriú leis an bpobal agus le daoine eile maidir le rochtain a fháil ar thacaíocht le cabhrú lena gcuid páistí barr a gcumais a bhaint amach.

Ag tacú le hinbhuanaitheacht

Ní fhaighimid an talamh le hoidhreacht ónár sinsear, tugaimid ar iasacht é ónár bpáistí

(We don’t inherit the earth from our ancestors, we borrow it from our children)

Cuimhnítear in *Aistear* ar an gcaoi a bhféadfaí brí a bhaint as an inbhuanaitheacht i gcomhthéacs na dtrí cholún seo a leanas: colún an chomhshaoil, an colún eacnamaíoch, agus an colún soch-chultúrtha. Mar shaoránaigh dhomhanda, bíonn freagracht atá ag teacht chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht ag gach babaí, naíonán agus páiste óg. Nuair a fheiceann siad níos faide i gcéin ná geataí a gcomharsanachta féin seirbhísí, suíomhanna, áiteanna, daoine éagsúla agus a ról sa phobal, cruthaítear feasacht ar mhuintearas na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga sa spás seo. Trína *n-ionadh* agus meas ar stair, seanchas agus scéalaíocht áitiúil a chothú agus trí spéis sa

nádúr agus i gcrainn, plandaí agus fiadhúlra dúchasach a mhúscailt, cruthaítear feasacht eolach ar áit agus ar a ról sa scéal sin.

Trí oideachas a chur ar bhábaithe, naíonáin agus páistí óga faoin inbhuanaitheacht, tarraingítear aird ar iontais ár ndomhain agus cruthaítear aird chultúrtha an mheasa agus na freagrachta, ní hamháin ó thaobh foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoin mbithéagsúlacht de, ach maidir le foghlaim faoi cheisteanna ar nós na héagothroime, na bochtaineachta agus an leithcheala freisin. D'fhéadfadh comhbhá a léiriú don phláinéad agus do na daoine a chónaíonn air, tacú leis an tsláinte choiteann, agus tuiscint maidir le ceartas sóisialta agus cothromas a fhorbairt chun domhan níos cothroime, sláintiúla agus inbhuanaithe a spreagadh a bheith mar chuid de seo.

Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta

Bíonn caidrimh i gcroí na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha. Trína n-idirghníomhaíochtaí luatha, foghlaimíonn páistí mothú sábháilte, cumarsáid a dhéanamh, agus taitneamh a bhaint as a bheith le daoine eile. De réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn siad, is breá le naíonáin agus páistí óga súgradh, labhairt, féachaint agus a bheith le daoine eile. Tógann babaithe, naíonáin agus páistí óga caidrimh, déanann siad cumarsáid, léiríonn siad grá agus gean, imríonn siad le chéile, foghlaimíonn siad, agus freastalaítear ar a gcuid riachtanas trí theagmháil le daoine eile. Leagtar béim sa treoir seo ar an tábhacht a bhaineann le caidrimh, idirghníomhaíochtaí, agus oideolaíocht mhall chaidreamhach maidir le folláine, agus foghlaim agus forbairt iomlánaíoch a fheabhsú.

Glacadh le creatchuraclam ionchuimsitheach bunaithe ar chearta

Tús grá, síoramharc

(The beginning of love is constant starting)

Is cuid dár dteaghlach agus pobal domhanda idircheangailte iad babaithe, naíonáin agus páistí óga. Tá sé tábhachtach go bhfaigheann gach babaí, naíonán agus páiste óg taithí ar shamhail ionchuimsitheach, fhreagrúil agus dhaonlathach oideachais agus cúraim. Tuigeann oideoirí an tábhacht a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar an dearcadh atá acu maidir leis na babaithe, naíonáin agus páistí óga a n-oibríonn siad leo. Feabhsaíonn machnamh den chineál seo an chaoi a n-éascaíonn siad agus a gcumasaíonn siad gach páiste aonair le barr a chumais a bhaint amach agus le leibhéal arda folláine agus rannpháirtíochta a bheith acu.

Tá cearta agus freagrachtaí atá ag teacht chun cinn ag babaithe, naíonáin agus páistí óga maidir leo féin, daoine eile agus an timpeallacht, a gcaitear leo le meas, comhbhá, cineáltas agus cothromas. Cuireann *Aistear* treoir ar fáil maidir le haithint go mb'fhéidir go dteastódh tacaíocht nó acmhainní breise ó roinnt babaithe, naíonáin agus páistí óga lena gcumasú le bheith rannpháirteach agus san áireamh. Ní hionann é agus caitheamh le gach babaí, naíonán agus páiste óg ar an gcaoi chéanna. Is éard atá i gceist ná fáil réidh le bacainní dóibh siúd atá níos leochailí ó thaobh an eisiaimh de.

A bheith mar oideoir machnamhach gníomhaíoch

Ní neart go cur le chéile

(There is nothing we cannot do together)

In *Aistear*, breathnaítear ar an oideoir mar: inniúil, muiníneach, gníomhaíoch agus machnamhach. Agus meonta foghlama dearfacha ar nós an chineáltais, na comhbhá, an ionchuimsithe, na buanseasmhachta, na spraiúlachta, na fiosracha, na ceannaireachta agus na díograise á n-eiseamláiriú acu, baineann oideoirí úsáid as a n-eolas oideolaíoch agus a dtuiscint ar Phrionsabail agus Téamaí *Aistear* le tacú leis an bhfoghlaim agus forbairt agus lena dtreorú agus lena n-éascú. Tá dualgas cúraim orthu tacú le sábháilteacht agus folláine, labhairt ar son agus gníomhú ar son leas an bhabaí, an naíonáin agus an pháiste óig.

Tacaíonn *Aistear* le cur chuige bunaithe ar phríomhdhuine, a chinntíonn go sanntar duine ainmnithe ar gach babaí, naíonán agus páiste óg a bhíonn freagrach as dlúthchaidreamh a chruthú leis an mbabaí, leis an naíonán agus leis an bpáiste óg nó lena dteaghlach. Nuair a bhíonn tuiscint ag an oideoir ar luach agus uathúlacht gach babaí, naíonáin agus páiste óig ina chúram, tuigeann sé/sí freisin an luach a bhaineann lena ról gairmiúil i bhfolláine agus foghlaim agus forbairt iomlánaíoch babaithe, naíonán agus páistí óga a threorú agus a chothú agus idirasc an chúraim agus an oideachais a fheiceáil.

Tacaíonn solúbthacht agus inoiriúnaitheacht an Chreata le cruthaitheacht an oideora agus léiríonn sé meas ar dhearcadh agus ar léirmhínte éagsúla iad siúd a thacaíonn leis an luathfhoghlaim agus luathfhorbairt. Trí phlé leis an gCreat is féidir cuir chuige churaclaim reatha a threorú agus a leathnú agus deiseanna a chur ar fáil do léirmhínte cruthaitheacha ar an gCreat mar fhreagairt ar bhábaithe, naíonáin agus páistí óga ina gcomhthéacs faoi leith.

Oideolaíocht mhall chaidreamhach a chothú trí chur chuige curaclaim éiritheach ar bhonn fiosraithe

Tóg go bog é

(Take it easy)

Agus tuiscint á fáil ar Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama *Aistear*, bíonn béim ann ar oideolaíocht mhall chaidreamhach. Cumasaíonn sé seo oideoirí le haithne a chur ar an mbabaí, ar an naíonán agus ar an bpáiste óg – le rudaí a mhoilliú síos, le bheith i láthair, lena gcuid féiniúlachtaí agus cumas a thabhairt faoi deara, leis an gcumas a d'fhéadfaidís a bhaint amach a fheiceáil. Cabhraíonn sé freisin caidreamh muiníneach a bhunú ionas gur féidir le foghlaim tarlú i dtimpeallacht dhearfach, ionchuimsitheach agus fhreagrúil. Bíonn caidrimh agus idirghníomhaíochtaí i gcroí an oideachais agus an chúraim luath-óige, áit a bhfásann babaithe, naíonáin agus páistí óga i gcomhthéacs caidrimh shábháilte, lácha agus dhearfacha le hoideoirí a chuireann suaimhneas, grá, am agus spás ar fáil.

Tacaíonn *Aistear* le cur chuige curaclaim éiritheach ar bhonn fiosraithe a bhfuil súgradh faoi stiúir breathnuithe maidir le spéiseanna agus féiniúlachtaí babaithe, naíonán agus páistí óga mar bhonn faoi. Trí eolas a léiriú i dtaobh a gcuid fiosracha, tacaítear le cuspóir eolach maidir le foghlaim a leathnú agus domhan deiseanna agus ionaidh a chruthú. Is léiriú iad súgradh agus eispéiris phraiticiúla ar na séasúir, ag tabhairt na hathruithe agus tarluithe sa nádúr faoi deara, ag glacadh le ceiliúrtha agus traidisiúin chultúrtha agus iad ag imeacht thart. Is cuid den chur chuige éiritheach ar bhonn fiosraithe é maireachtáil le chéile agus na caidrimh iontacha a fhorbraítear i dtimpeallachtaí luath-óige. Glactar leis na gnáthaimh (gnáthaimh chúraim agus bheathaithe san áireamh), aistrithe agus sruth an lá ar bhealach mall agus cothaitheach mar chuid den aistear

foghlama. Áirítear leis sin am le hoideoirí, siblíní, cairde agus grúpaí measctha ó thaobh aoise de sa síomh chomh maith le cuairteanna sóisialta le seantuismitheoirí agus daoine ón bpobal a shíleadh tábhachtach. Is gá na pointí seo a aithint mar dheiseanna d'fhoghlaim agus d'fhorbairt iomlánaíoch agus do chomhráite agus idirghníomhaíochtaí i gicibé riocht a d'fhéadfadh a bheith orthu.

Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha

Is breá le babaithe, naíonáin agus páistí óga súgradh agus is minic a bhíonn na rudaí atá tábhachtach ina saolta le feiceáil sa súgradh sin. Is féidir le súgradh a bheith ciúin nó glórmhar, mínéata nó néata, greannmhar nó dáiríre, dian nó gan dua. Is féidir leis tarlú taobh istigh nó amuigh faoin aer, agus forbraíonn sé de réir mar a fhásann agus a athraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga.

I measc na bhfreagraí a tugadh nuair a chuathas i mbun comhairliúcháin le páistí faoin súgradh, luadh na nithe seo a leanas: spraoi a bheith acu, bheith le cairde, gníomhaíochtaí a roghnú iad féin, agus a bheith amuigh faoin aer. Tugtar faisnéis sa treoir seo maidir leis an gcaoi ar féidir le hoideoirí an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt a leathnú agus a shaibhriú tríd an súgradh.

Tús áite a thabhairt don súgradh mar shúgradh bunúsach

An áit a bhfuil do chroí is ann a thabharfas do chosa thú

(Your feet will bring you to where your heart is)

Is breá le babaithe, naíonáin agus páistí óga súgradh agus cinntí a dhéanamh maidir le cathain, céard, cá háit, cén chaoi agus cé leis ar cheart súgradh. Is féidir leis an súgradh a bheith ina bhealach le caidreamh a thógáil nó a neartú, cairdis a dhoimhniú nó cinn nua a thosú. Bíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga ag súgradh ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta bíonn siad i mbun fiosraithe nó rudaí nua a fhoghlaim. Uaireanta eile bíonn foghlaim atá déanta acu cheana féin á neartú acu nó bíonn scil nua á cleachtadh acu. Bíonn an ceart agus an fonn ag gach babaí, naíonán agus páiste óg súgradh. Roghnaítear gan srian súgradh faoi stiúir an pháiste agus d'fhéadfadh riosca, dúshlán, sonas, dóchas agus rannpháirtíocht dhomhain a bheith i gceist leis. Chomh maith le tréimhsí fada de shúgradh faoi stiúir an pháiste a éascú, agus tacú leis na tréimhsí sin, is féidir le hoideoirí cuimhneamh ar dheiseanna súgartha roinnte le plé le babaithe, naíonáin agus páistí óga i mbealaí tairbheacha agus tuisceanacha, trí pháirt a ghlacadh sa súgradh nó trí eispéiris foghlama bheartaithe ar bhonn súgartha a phleanáil. Is ann do chineálacha éagsúla súgartha, lena n-áirítear súgradh céadfach; súgradh fiontrach contúirteach; súgradh bréige; súgradh cruthaitheach; súgradh mínéata; súgradh teanga; súgradh tógála agus bloicíní; súgradh domhan beag; agus súgradh garbh. Léiríonn timpeallacht súgartha a bhfuil go leor acmhainní ann spéiseanna, féiniúlachtaí, riachtanais agus cumais na mbabaithe, naíonán agus páistí óga. Bíonn múscailtí agus deiseanna don súgradh oscailte, meallann siad eispéiris a spreagann fiosracht agus ionadh, spreagann siad fiosrú agus iniúchadh, cruthaíonn siad spás don fhoghlaim, don fhorbairt, don ghníomhú, sonas agus gáire.

Timpeallachtaí ionchuimsitheacha foghlama a chruthú

Feileann spallaí do bhallaí chomh maith le clocha móra

(Pebbles and big stones are needed to build walls)

Aithníonn *Aistear* lárnacht timpeallachta ionchuimsithí agus freagrúla ó thaobh spás agus atmaisféar a chruthú a chothaíonn fonn foghlama i measc na mbabaithe, naíonán agus páistí óga ar fad. Is éard a thuigtear le timpeallacht foghlama ná an spás fisiciúil agus na hacmhainní fisiciúla taobh istigh agus amuigh faoin aer araon; na gnáthaimh agus aistrithe laethúla; na caidrimh agus na hidirghníomhaíochtaí sa suíomh. Treoraíonn machnamh, breathnú agus comhairliúchán le babaithe, naíonán agus páistí óga, teaghlaigh agus páirtithe leasmhara ábhartha eile pleanáil timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha agus cuireann siad bonn eolais faoi na múscailtí a leagtar amach agus a chuirtear i bhfeidhm don rannpháirtíocht agus don fhiosrú tairbheach. Sreabhann agus athraíonn an timpeallacht ionchuimsitheach trí na séasúir de réir mar a fhasann babaithe, naíonán agus páistí óga, de réir mar a fhoghlaimíonn siad rudaí nua, agus de réir mar a fhorbraíonn siad spéiseanna agus riachtanais nua. Bíonn spásanna gníomhacha agus suaimhneacha mar chuid d'í, agus bíonn éascaíocht rochtana idir an taobh istigh agus amuigh faoin aer i gceist, agus an tsaoirse cinntí a dhéanamh le cách atá cumasaithe páirt a ghlacadh. Treoraíonn an curaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe oiriúnú gnáthamh, topaicí spéise, athrú spásanna, na jabanna atá le déanamh, agus áiteanna atá le feiceáil agus a bhfuil tairbhí le fáil orthu.

Tacaíonn an tábhacht a bhaineann le spásanna cumarsáide inar féidir le babaithe, naíonán, agus páistí óga agus oideoirí bheith le chéile le labhairt, éisteacht, tabhairt faoi deara, breathnú, agus eispéiris a roinnt (béilí a bheith acu le chéile san áireamh) agus a bheith i láthair leis an bpróiseas rannpháirteach agus machnamhach seo sa timpeallacht foghlama ionchuimsitheach. Is féidir an Creat seo a léirmhíniú i mbealaí nuálacha agus cruthaitheacha le rannpháirtíocht agus ionadaíocht fhiúntach babaithe, naíonán agus páistí óga i dtimpeallacht foghlama ionchuimsitheach a spreagadh. Cruthaíonn béim athnuaithe ar an bhfoghlaim amuigh faoin aer agus nádúr, chomh maith le tiomantas don oideachas le haghaidh na hinbhuanaitheachta, tuilleadh deiseanna chun inniúlachtaí, scileanna agus meonta páistí a fhorbairt. Tacaíonn siad freisin le folláine ghinearálta agus braistint muintearais na bpáistí, agus lena nasc laistigh de agus leis an bpobal.

Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe

Is gné nádúrtha d'idirghníomhaíochtaí laethúla na n-oideoirí le babaithe, naíonán agus páistí óga é an measúnú. Déanann oideoirí breithnithe maidir le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga ar bhonn leanúnach, agus úsáideann siad an fhaisnéis a bhailíonn siad le pleanáil le haghaidh dul chun cinn. Déanann babaithe, naíonán agus páistí óga breithnithe freisin agus déanann siad féinmheasúnú maidir leis na rudaí a bhfuil siad go maith acu, na rudaí a thaitníonn leo a dhéanamh, na rudaí is féidir leo a dhéanamh anois le beagán cabhrach, agus na rudaí ba mhaith leo a bheith in ann a dhéanamh amach anseo. Déantar cur síos sa treoir seo maidir lena mbíonn i gceist le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe sa luath-óige.

Taifeadadh, Pleanáil agus Measúnú

Mol an óige agus tiocfaidh sí

Spreagann *Aistear* forbairt an churaclaim go praiticiúil trí thimthriall leantach tabhairt faoi deara, breathnaithe, taifeadta, measúnaithe, pleanála, cur i bhfeidhm agus machnaimh. Cuireann cáipéisíocht fhiúntach maidir le spéiseanna; meonta; scileanna; eolais; tuiscint; dearcthaí agus luachanna babaithe, naíonán agus páistí óga bonn eolais faoi churaclam éiritheach ar bhonn súgartha agus ar bhonn fiosraithe. Déanann cáipéisíocht fhiúntach an fhoghlaim feiceálach don

bhabaí, don naíonán nó don pháiste óg, agus dá dteaghlach trí Théamaí *Aistear*. Is ionann é freisin agus ardán chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, chun tacú le leanúnachas eispéireas agus do dhul chun cinn na foghlama.

Molann *Aistear* oideolaíocht mhall chaidreamhach leis an oideoir a chumasú le bheith airdeallach, i dtiúin le agus freagrach do ghuthanna babaithe, naíonán agus páistí óga. Nuair a dhéantar an timpeallacht a phleanáil de réir spéiseanna, féiniúlachtaí, mianta, riachtanais agus cearta na ndaoine faoi leith sa ghrúpa, baineann éascaíocht agus sruth leis an lá agus babaithe, naíonáin agus páistí óga rannpháirteach ar bhealach fiúntach le heispéiris thaitneamhacha foghlama. Bíonn sé fiúntach do bhabaithe, naíonáin, páistí óga, a dtuismitheoirí agus teaghlaigh agus don oideoir a gcuid foghlama agus forbartha a thaifeadh nuair a chruthaítear é ag baint úsáid as réimse modhanna le léiriú cuimsitheach láidreachtaí-bhunaithe a fhorbairt den bhabaí, den naíonán agus den pháiste óg. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le cáipéisíocht fhiúntach: scéalta foghlama; nótaí starógacha; breathnuithe; comhráite; aiseolas; grianghraif; físeáin; saothar ealaíne; agus eolas ón mbaile.

Leanúnachas agus Dul Chun Cinn idir Aistear agus Creachuraclam na Bunscoile

Bíonn tábhacht ag baint le gach aistriú agus aithnítear gur próiseas é seo a thógann am seachas teagmhas aon uaire. Is aistriú suntasach i saol páistí óga é bogadh go bunscoil nó go scoil speisialta, agus tá leanúnachas eispéiris agus dul chun cinn na foghlama an-tábhachtach sa chomhthéacs seo. Ach an caidreamh idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus scoileanna speisialta a thógáil, tacaítear le páistí agus lena dteaghlaigh le linn an aistrithe shuntasach seo. Tá tábhacht ar leith ag baint le faisnéis i dtaca le foghlaim agus forbairt a roinnt ag an bpointe aistrithe seo ionas go mbeidh múinteoirí in ann eispéiris a phleanáil a chuireann ar chumas páistí leanúint den dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama trasna an churaclaim. Is féidir tacú leis an aistriú faisnéise seo trí acmhainní Mo Scéal a chuireann treoir ar fáil maidir le próiseas an aistrithe. Tá *Aistear agus Creachuraclam na Bunscoile* (RO, 2023) ailínithe anois. Ciallaíonn sé seo go bhfuil leanúnachas soiléir eispéireas agus dul chun cinn foghlama ann do pháistí thar an dá earráil, cé gur do dhá earráil éagsúla atá siad. Bíonn impleachtaí ag an mbéim seo ar ailíniú do chaidrimh agus rannpháirtíocht na bpáistí ag pointe an aistrithe agus do thorthaí foghlama agus folláine níos fadtéarmaí chomh maith. Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh go nglacann aistrithe am; d'fhéadfadh níos mó ama agus tacaíochta a bheith ag teastáil ó roinnt páistí chun go mbeadh an t-aistriú chomh dearfach agus is féidir do gach duine atá páirteach.

B. Tacú le hOideoirí

Ba é *Aistear* an chéad chreatchuraclam a tugadh isteach in Éirinn. Tháinig *An Creat don tSraith Shóisearach* (2015) agus *Creatchuraclam na Bunscoile* (2023) ina dhiaidh. Tugann creat níos mó solúbthachta agus rogha ó thaobh tacú le curaclam freagrúil a thagann chun cinn i gcomhar le babaithe, naíonáin, páistí óga agus a dteaghlaigh. Tá tacaíocht agus treoir leanúnach ag teastáil le tacú le hoideoirí.

Bíonn deiseanna, smaointeoireacht nua agus féidearthachtaí ann mar thoradh ar fhorbairt *Aistear* nuashonraithe. É sin ráite, cruthaíonn sé dúshlán agus éiginnteacht freisin, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil taithí acu ar an gCreat bunaidh (2009). Is deis é an comhairliúchán ar *Aistear* nuashonraithe eolas a bhailiú maidir leis na cineálacha tacaíochtaí a theastaíonn agus ar na coinníollacha fabhracha inar féidir Creatchuraclam a chur i gcrích.

Le linn an chomhairliúcháin, oibreoidh an CNCM go dlúth le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe oideachais, oideoirí agus tuismitheoirí chun slite praiticiúla inar féidir tacú le suíomhanna ar bhealach cuimsitheach a shainnithint agus iad ag dul i dtaithe ar *Aistear* nuashonraithe. Bíodh is gur tharla sé ceithre bliana déag ó shin, is féidir foghlaim ón gcéad uair a tugadh isteach an Creat sa bhliain 2009. Agus machnamh á dhéanamh air seo, agus an tírdhreach níos leithne beartas á chur san áireamh, is féidir é sin go léir a bheith mar bhonn eolais ag dearadh agus cur i bhfeidhm cur chuige cuimsitheach maidir le tacú le hoideoirí agus iad a chumasú chun oibriú le h*Aistear* nuashonraithe.

Tagairtí

An Lárionad Oideachais & Forbartha don Luath-Óige (2006) *Síolta: an Creat Cáilíochta Náisiúnta*. Baile Átha Cliath: An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2021) Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí 2021 – 2028. Le fáil ag: <https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/132621/05636e6e-2a24-40ec-8ebb-3164bca9f58f.pdf#page=null> Faighte 7.6.2023

An Roinn Oideachais (2023) *Creatchuraclam na Bunscoile*, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

French, G. agus McKenna, G. (2022) *Athbhreithniú Litríochta chun Tacú le Nuashonrú Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige*, Baile Átha Cliath An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2022) *Tuarascáil chomhairliúcháin maidir le hAistear a nuashonrú: Céim 1*, Baile Átha Cliath CNCM.

O'Toole, L., Walsh, G. agus Kerrins, L. (2023) *Comhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí beaga chun bonn eolais a chur faoi nuashonrú Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige*, Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Aguisín 1

Sampla 1: Taifeadadh na foghlama

Teideal	Taifeadadh na foghlama
Aoisghrúpa	Babaithe, naíonáin agus páistí beaga
Prionsabal	Saoránaigh Ghníomhaíochta Dhomhanda Oideoirí Gníomhaíochta
Téama	Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Cuspóir:

Le hAistear, cuirtear chun cinn forbairt an churaclaim, ar bhonn praiticiúil, agus úsáid á baint as samhail thimthriallach de thaifeadadh foghlama. Léiríonn an tsamhail seo timthriall leantach a bhaineann le tabhairt faoi deara, breathnú, taifeadadh, measúnú, pleanáil, cur i bhfeidhm agus machnamh (Fíor 1). Tá an méid seo leabaithe sa tuiscint ar **oideolaíocht mhall chaidreamhach** chun spás a chruthú agus am a chur ar leataobh chun caidrimh mheasúla a chruthú le babaithe, le naíonáin agus le páistí óga agus chun curaclam ionchuimsitheach freagrach a chruthú chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt.

Cuirfidh an acmhainn seo sampla ar fáil den phróiseas trína gcuirtear aithne ar pháiste agus den áit ar cheart tosú ar thaifead a dhéanamh dá thuras foghlama le hAistear.

Léiríonn sí an próiseas seo de thaifeadadh na foghlama le Sammy, atá 15 mhí d'aois, agus atá ag freastal ar an suíomh 4 lá in aghaidh na seachtaine le 3 mhí anuas.

Aistear

Dar le **Prionsabal 1** go bhfeictear babaithe, naíonáin agus páistí beaga mar dhaoine uathúla astu féin, a chuireann a gcuid barúlacha, roghanna agus riachtanas in iúl ar an iliomad bealaí éagsúla. Is é ról an oideora ná bheith ag éisteacht leis na 'guthanna' iolracha atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga, iad a léirmhíniú agus a bheith ag freagairt dóibh (uiríll, gothaí, focail, comharthaíocht coirp, iompar) a d'fhéadfaidís a chur in iúl ar an iliomad bealaí.

Sonraítear, le **Prionsabal 5**, an chaoi a dtacaíonn an t-oideoir leis an bhfoghlaim agus an chaoi a n-éascaíonn sé nó sí í trí na hinniúlachtaí, na spéiseanna, na féiniúlachtaí agus na eispéiris a bhíonn ag babaithe, naíonáin agus páistí óga a shainaithint agus a fhorbairt. Cuirtear tús le taifeadadh na foghlama trí aithne a chur ar gach páiste, agus na bealaí éagsúla ina bhfoghlaimíonn agus ina bhforbraíonn siad a aithint, agus eispéiris fhiúntacha a chur ar fáil dóibh lena chur ar a gcumas lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tabhairt faoi deara

“Cabhraíonn sé liom nuair a thugann tú faoi deara an méid a bhíonn ar bun agam agus nuair a bhíonn am againn le bheith le chéile. Trí bheith i mo chuideachta agus trí mo ‘ghuth’ a thuscint, féadann tú ‘m’acmhainneacht mar fhoghlaimoir a fheiceáil agus na nithe a bhfuil spéis agam iontu agus a bhfuil mé maith acu a shainaithint mar aon leis na nithe a bhféadfadh sé cabhair bhreise a bheith ag teastáil uaim ina leith.” (Prionsabal 4 Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch)

Tugaim faoi deara gur breá le Sammy a bheith ag dreapadh suas ar rudaí agus tharstu! Feicim go bhfuil sé aclaí agus go dtaitníonn leis an seomra agus an gairdín a fhiosrú. Taitníonn sé thar cionn leis a bheith ag dul suas ar chathaoireacha agus dul i bhfolach faoin mbord. Léiríonn sé **meonta** áille de ghreann, de bhuanseasmhacht agus d’fhiosracht. Táimse ag iarraidh tuilleadh a fhoghlaim faoina chuid iniúlachtaí agus spéiseanna...

Breathnú

Táim ag **breathnú ar Sammy go comhfhiosach** agus ag breathnú ar a chuid gníomhartha agus ar a rannpháirtíocht sa timpeallacht foghlama. **Aithním** a ghluaiseachtaí, na réimsí a bhfuil suim aige iontu agus na hacmhainní a dtarraingítear chucu é. Tugaimse faoi deara a chuid idirghníomhaíochtaí leis na páistí eile chomh maith leis an gcaoi a ndéanann sé cumarsáid leo. Feicim a chomharthaíocht choirp, a ghothaí gnúise agus a iompar laistigh den ghrúpa.

Táim in ann breathnú ar an méid seo a leanas:

- **A Mheonta:** Tá sé ag forbairt neamhspleáchais ina chuid gníomhartha, déanann sé riosca a mheas agus tugann sé dúshlán dó féin
- **A Dhearcthaí agus Luachanna:** an tsuim atá aige san eachtraíocht agus an chaoi a spreagann sé a chairde chun teacht ag súgradh in éineacht leis
- **Eolas agus scileanna:** tá a fhios aige conas bloic bheaga a chur ar bharr na gceann mór chun a mheáchan a thógáil; ag gluaiseacht go cúramach chun greim a fháil ar na rudaí bhíonn sé a iarraidh
- **Spéiseanna:** súgradh faoin aer; gníomh-amhráin agus rímeanna; rudaí a thógáil le nithe éagsúla
- **Tascanna a Eagrú:** Cláir bheaga adhmaid agus lomáin bheaga a chur ar fáil lena fháil amach cén chaoi a n-athchruthaíonn sé cúrsa bacainní sa ghairdín
- **Comhráite agus cumarsáid:** An chaoi a dtuigeann sé treoracha agus a gcuireann sé a chuid smaointe in iúl trí fhocail agus trí chomharthaí a thabhairt faoi deara
- **Léirmhínte ar idirghníomhaíochtaí:** an chaoi a mbíonn sé ag comhoibriú leis an oideoir agus le cairde leis; an chaoi a gcuireann sé meangadh gáire air féin, agus an chaoi a dtairgeann sé bréagáin agus acmhainní do dhaoine eile.

Taifeadadh

Agus mé ag breathnú air, táim ag **déanamh nóta de** na gníomhaíochtaí agus na hidirghníomhaíochtaí tábhachtacha. Glacaim grianghraf dá rannpháirtíocht sna spásanna agus scríobhaim faoin méid a thugaim faoi deara, agus an méid a fheicim. Táim ag cruthú scéil faoi thuras foghlama Sammy agus faighim tuiscint ar a chuid **láidreachtaí, ar a spéiseanna agus ar a phearsantacht**. Trína fhoghlaim a thaifeadadh, is amhlaidh go bhfuil mé ag aithint na rudaí tábhachtacha seo ar féidir liom iad a fhorbairt chun **tacú lena fhoghlaim agus lena fhorbairt agus chun iad a scafláil**.

Measúnú

Trí bheith ag tabhairt rudaí faoi deara agus ag féachaint, bímse in ann an méid **atá Sammy in ann a dhéanamh** a fheiceáil. Bí in ann **measúnú** a dhéanamh ar a fhoghlaim ach na nithe a bhaineann sé amach a aithint trína **scileanna, eolas agus meonta** a shainaithint. Chomh maith leis sin, bí in ann **measúnú** a dhéanamh ar a fhoghlaim ach úsáid a bhaint astu seo chun eispéiris a eagrú chun tacú lena fhoghlaim agus lena fhorbairt a thuilleadh. Bí in ann measúnú a dhéanamh ar a chuid scileanna fisiceacha comhordaithe agus cothromaíochta agus é ag dreapadh. Bí in ann a scileanna teanga éiritheacha a aithint le linn dó a bheith ag cur a mhothúcháin agus a smaointe in iúl. Bí in ann a scileanna sóisialta a aithint agus é ag forbairt cairdis lena phiaraí. Bí in ann forbairt a chuid scileanna cognaíocha a fheiceáil agus é ag baint triail as rudaí agus ag fiosrú a thimpeallachta.

Pleanáil agus cur i bhfeidhm

Agus mé ag pleanáil le haghaidh fhoghlaim agus fhorbairt Sammy, féadaimse smaoineamh ar an méid ar fad atá foghlamtha agam faoi. Féadaim úsáid a bhaint as a láidreachtaí agus as a spéiseanna sa churaclam, sa chaoi agus go mbeidh sé **rannpháirteach, spreagtha agus sásta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí**.

Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht: Féadaim súgradh páirteach oscailte a phleanáil sa ghairdín chun cúrsaí bacainní a dhéanamh, áit ar féidir leis bheith ag foghlaim faoi choincheapa eolaíochta agus innealtóireachta le linn dúinn a bheith ag tógáil agus ag cruthú rudaí.

Cumarsáid: Féadaim a chuid scileanna teanga agus a cumarsáide a stiúradh ach focail agus frásaí nua a chur ina láthair agus spás a chruthú dó chun a chuid smaointe a chur in iúl.

Féiniúlacht agus Muintearas: Féadaim tacú lena thuiscint ar scileanna sóisialta an chairdis, na sealaíochta agus na comhroinnte ach seisiúin bheaga d'am grúpa a phleanáil le páiste eile, sa chaoi is gur féidir liom na scileanna seo a shamhaltú le linn na ngníomhaíochtaí a thaitníonn leis go cinnte agus úsáid a bhaint as na hacmhainní a thaitníonn leis.

Folláine: Féadaim Sammy a spreagadh chun dúshlán a thabhairt dó féin ina shúgradh gníomhach agus chun a bheith ar an eolas faoin méid atá sábháilte dó. Tosaíonn an tabhairt faoi deara arís agus mé ag féachaint air agus é ag súgradh agus ag idirghníomhú le daoine eile agus ag idirghníomhú sa timpeallacht.

Machnamh

Is é an machnamh a chuireann tús leis an bpróiseas arís, próiseas a bhaineann le tabhairt faoi deara, breathnú, measúnú, pleanáil agus cur i bhfeidhm, agus mé meabhrach i rith an ama ar **shaol** Sammy ar an méid a bheadh ag tarlú dó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a fhoghlaim agus ar a rannpháirtíocht sa suíomh. Is í an teagmháil lena thuismitheoirí agus lena mhuintir a thacaíonn le mo chuid oibre le Sammy ionas gur féidir linn a chinntiú, le chéile, go mbíonn sé **ar a chumas lánacmhainneacht a bhaint amach agus sásamh a bhaint as an turas**.

Sampla 2: Caidrimh a Chothú Trí Oideolaíocht Mhall Chaidreamhach

Teideal	Caidrimh a Chothú Trí Oideolaíocht Mhall Chaidreamhach
Aoisghrúpa	Naíonáin
Prionsabal	Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí
Téama	Folláine

Cuspóir: Leis an acmhainn seo, leagfar béim ar na ceangail idir an Prionsabal de chuid *Aistear* a bhaineann le Caidrimh agus Téama *Aistear* na Folláine, trí bheith ag díriú ar Oideolaíocht Mhall Chaidreamhach.

Prionsabal: Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

Tá an bunriachtanas atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga, mar atá, a bheith i gcomhlúadar daoine eile, neadaithe i gceangail chomhbhácha agus cleachtas oideolaíoch mar a ndéantar **caidrimh agus idirghníomhaíochtaí ceanúla freagrúla** a chothú leis na **príomhdhaoine** ina saol. Déantar **cairdeas** luath le babaithe, naíonáin agus páistí óga eile a thabhairt faoi deara agus a cheiliúradh. Bítear an-chúramach agus tógtar neart ama chun naisc a fhorbairt agus a chothú laistigh de agus idir **réimsí sóisialta** an bhabaí, rud atá lárnach don **fholláine, don fhoghlaim agus don fhorbairt**.

Tuiscint a fháil ar oideolaíocht mhall chaidreamhach

Le h*Aistear*, díritear aird ar lárnacht na **gcaidreamh** agus cuirtear chun cinn **oideolaíocht mhall chaidreamhach** chun tacú le babaithe le bheith **láidir ó thaobh na síceolaíochta agus an tsóisialaithe de** (Folláine: Aidhm 1). Tá sé de nádúr ag babaithe teagmháil a dhéanamh le daoine agus grá a thabhairt do dhaoine. Tagann siad ar an saol seo agus iad réidh chun caidrimh a chruthú. Is ionann an méid a tharlaíonn laistigh de na **caidrimh** seo agus bunchloch lárnach faoin bhfoghlaim agus forbairt. Agus iad ar shiúl óna dteaghlach, is é a theastaíonn ó bhábaithe ná caidreamh seasmhach agus pearsanta le hoideoir a bhfuil aithne mhaith aige orthu agus a bhfuil muinín acu as agus ar a mbíonn siad in ann bheith ag brath. Tacaíonn oideolaíocht mhall chaidreamhach leis na hoideoirí na cineálacha caidrimh a chuidíonn leis na babaithe sa chaoi is go mbíonn siad in ann: Ceangail dhaingne a fhorbairt agus taithí a fháil ar chaidrimh sheasmhacha chómhalartacha chothaitheacha lena dtacaítear le muinín agus nascacht (Aidhm Folláine 1). Nuair a fhaigheann an babaí tacaíocht ó **phríomhdhuine** a thuigeann an tábhacht atá le hoideolaíocht mhall chaidreamhach i suíomhanna, cuidíonn sé seo leis an mbabaí nasc muintearais ar leith a chothú le hoideoirí, agus is iad na hoideoirí na naisc idir teaghlaigh agus suíomhanna agus ceanglaíonn siad **suíomhanna sóisialta an bhabaí** lena chéile.

Bíonn babaithe fiosrach ó nádúr agus tosaíonn siad de bheith ag fáil tuiscint ar an saol ina dtimpeall trí **thaiscéalaíocht** chéadfach agus fhisiciúil a dhéanamh agus trí bheith ag **súgradh**. Bíonn na heispéiris níos fiúntaí ach oideoirí a bhfuil aithne acu ar na babaithe, a bhfuil grá acu dóibh agus a thuigeann iad, a bheith ag tacú leo. Cuireann na hoideoirí seo am ar leataobh lena chaitheamh leis na babaithe agus chun **freagairt** dóibh ar bhealaí fiúntacha lena n-áirítear gnáthaimh chúraim coirp amhail iad a chothú agus a gclúidíní a athrú, nó is deiseanna iad seo le haghaidh foghlama nuair a chuirtear am agus spás ar leataobh don bhabaí chun tairbhe a bhaint astu ar bhealach a oireann dó féin.

Cuimsítear, ar na príomhghnéithe a bhaineann le rannpháirtíocht in **oideolaíocht mhall chaidreamhach**:

- a bheith in ann mothúcháin agus riachtanais an bhabaí a **aithint**
- **caidrimh fhreagracha** sheasmhacha, lácha, gheanúla a bheith ann
- a bheith in ann leideanna an pháiste a léirmhíniú chomh maith leis an iliomad bealaí ina ndéanann sé **cumarsáid** lena chinntiú go n-éistear lena nguth
- a bheith i láthair go mothúcháin agus go fisiciúil
- am a chur ar leataobh i rith an lae chun breathnú, éisteacht, a bheith aireach, rudaí a mhoilliú agus freagairt d'uathúlacht gach babaí.
- ról a ghlacadh i dtaca le curaclam a fhorbairt a bheadh saincheaptha agus bunaithe ar na spéiseanna atá á bhforbairt ag gach babaí, ghnáthaimh chúraim agus ar **chairdis luatha**.

Na buntáistí a bhaineann le hoideolaíocht mhall chaidreamhach

Tá ceangail láidre dhaingne ann agam leis na daoine tábhachtacha i mo shaol a thógann am le haithne a chur orm agus le bheith i mo chuideachta. Aithníonn siad féin agus mé féin a luachmhaire atá oideolaíocht mhall chaidreamhach mheasúil (Folláine, Aidhm 1, Sprioc Foghlama).

Le hoideolaíocht mhall chaidreamhach, tacaítear le:

- forbairt inchinne, agus ceangail, rud a chuidíonn leis na babaithe a bheith **láidir ó thaobh na síceolaíochta agus an tsóisialaithe de**. Cuidíonn sé leo féiniúlacht a fhorbairt mar dhaoine atá grámhar, agus a bhfuil meas orthu agus urraim ann dóibh. Ní féidir leis na babaithe foghlaim mura n-airíonn siad go bhfuil siad sábháilte, go bhfeictear iad agus go bhfreagraítear dóibh.
- aistriú i gcaitheamh an lae, isteach sa suíomh agus amach as agus laistigh dá ngnáthaimh laethúla. Trí bheith ag freagairt d'aistriú tríd **oideolaíocht mhall chaidreamhach**, le tacaíocht shaincheaptha bunaithe ar an aithne ar an mbabaí agus ar an gcaidreamh leis nó léi, laghdaítear strus agus téann sé seo chun tairbhe do gach duine lena mbaineann.
- **comhpháirtíocht le teaghlach** as a bhféadfadh íogaireacht chultúrtha a theacht maidir le luachanna an teaghlach agus cleachtais tuismitheoireachta, cleachtais a bhféadfaí aithris a dhéanamh orthu laistigh den suíomh.
- bíonn an t-am ag oideoirí chun foghlaim faoi spéiseanna agus inniúlachtaí gach babaí agus faoi na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo, agus chun **freagairt** dá riachtanais ar bhealach aireach íogair, a oireann do gach babaí acu.
- léireoidh na babaithe go bhfuil siad **inniúil muiníneach gníomhaíoch**.
- am le bheith ar a suaimhneas, chun scaoileadh lena samhlaíocht agus **ionadh agus meas** a fhorbairt ar an saol atá thart timpeall orthu.

Oideolaíocht mhall chaidreamhach ar bhonn praiticiúil

Prionsabal: Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

Téama: Folláine

Aidhm 1: Beidh babaithe, naíonáin agus páistí óga láidir ar bhonn síceolaíoch agus sóisialta.

Aoisghrúpa: Naíonáin

Suíomh: Cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (naíolann)

Oibríonn Diane agus Monique i seomra na mbabaithe. Díríonn siad ar cheangal speisialta a chothú le gach babaí trí oideolaíocht mhall chaidreamhach. Mar bhonn agus mar thaca faoina gcuraclam, agus mar rud a fhágann go mbíonn curaclam saincheaptha ag gach babaí, bunaithe ar na spéiseanna atá á bhforbairt acu, ar a ngnáthaimh cúraim, a gcairdis agus a dtaithí saoil, tá Aistear. Oibríonn Diane agus Monique i **gcomhpháirt le teaghlach gach babaí** agus tá aithne mhaith acu ar na babaithe. Léiríonn siad íogaireacht chultúrtha maidir le luachanna an teaghlach agus cleachtais tuismitheoireachta, agus cuireann siad na cleachtais chéanna i bhfeidhm laistigh den suíomh. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás Sadie, babaí de chuid phobal na dTaistealaithe. Is í Diane **príomhdhuine** Sadie agus tá sí ag forbairt **caidreamh freagrach**, seasmhach, suáilceach léi chun **ceangal** daingean a chur chun cinn agus í i seomra 'nead an bhabaí' i dteach i bhfad ón mbaile. Tá Diane ag obair go han-chrua chun muinín a chothú le Sadie agus lena muintir, atá imníoch faoin turas nua seo do Sadie, mar a thuigfeá, le linn dá máthair a bheith i mbun cúrsa breisoideachais. Freastalaíonn siad ar riachtanais chúraim, súgartha agus iomlánaíochta gach babaí ar bhealach seasmhach suaimhneach comhbhách idirghníomhach aireach **freagrúil** measúil agus dar leo go bhfuil na babaithe **inniúil muiníneach gníomhaíoch**.

An príomhphointe:

Tá **Caidrimh** riachtanach chun tacú leis an luathfhoghlaim agus leis an luathfhorbairt agus tá siad thar a bheith tábhachtach ó thaobh na **folláine** síceolaíochta de. Nuair a fhaigheann an babaí tacaíocht ó **phríomhdhuine** i suíomhanna a thuigeann an tábhacht atá le **hoideolaíocht mhall chaidreamhach**, cuidíonn sé seo leis an mbabaí nasc muintearais ar leith a chothú le hoideoirí *in loco parentis* agus cuidíonn sé seo leo dul chun cinn a dhéanamh agus a n-acmhainneacht a bhaint amach mar **fhoghlaimoirí gníomhaíochta inniúla muiníneacha**.

Sampla 3: Tacú leis an inbhuanaitheacht sa luathóige

Teideal	Tacú leis an inbhuanaitheacht sa luathóige
Aoisghrúpa	Babaithe, naíonáin agus páistí beaga
Prionsabal	Saoránaigh Ghníomhaíochá Dhomhanda Teaghlach agus Pobal
Téama	Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Cuspóir: Cuireann an acmhainn seo treoir ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir an inbhuanaitheacht a thuiscint sa churaclam do bhábaithe, do naíonáin agus do pháistí beaga, ag teacht le tuiscint ar a ról mar **shaoránaigh dhomhanda** ar a bhfuil dualgais atá ag teacht chun cinn maidir leis an domhan agus na daoine atá ina gcónaí ann. Aithníonn sé freisin lárnacht an teaghlach agus an phobail atá ag obair le chéile chun timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine a bheith faoi rath agus acmhainneacht a bhaint amach.

Prionsabal 1 Saoránaigh Ghníomhaíochá Dhomhanda

Is saoránaigh dhomhanda inniúla mhuíneacha ghníomhaíochá iad babaithe, naíonáin agus páistí óga agus tá cearta acu. Mar dhaoine uathúla astu féin, cuireann siad a gcuid barúlacha, roghanna agus riachtanas in iúl ar an iliomad bealaí éagsúla. Tá sé de cheart acu go n-éistfí lena nguth agus go gcuirfí ar a gcumas blaiseadh a fháil ar an daonlathas. Ón taithí a fhaigheann siad mar shaoránaigh, foghlaimíonn siad, mar aon le cearta a bheith acu, go bhfuil freagracht orthu, freagrachtaí atá ag teacht chun cinn, ina leith féin, i leith daoine eile agus i leith na timpeallachta.

Prionsabal 4 Teaghlach agus an Pobal

Déanann na daoine a chothaíonn agus a thugann aire do bhábaithe, naíonáin agus páistí óga a saol a shaibhriú: tuismitheoirí, teaghlach sínte, oideoirí agus baill den phobal. Spreagann babaithe, naíonáin agus páistí óga, dá réir, spraoi, dóchas agus sonas agus saibhríonn saol daoine eile. Téann taithí páistí ó cheangail sa bhaile, sa teaghlach agus sa phobal i bhfeidhm ar eispéiris foghlama babaithe, naíonán agus páistí óga agus treoraíonn iad, rud a mbíonn tionchar aige ar an tuiscint ar ilchineálacht áite, gnáthamh, teaghlach, cultúir agus teanga(cha).

Céard atá i gceist le hinbhuanaitheacht in *Aistear*?

Pléitear in *Aistear* leis an gcaoi a bhféadfaí brí a bhaint as an inbhuanaitheacht i gcomhthéacs **na dtrí cholún seo a leanas: an comhshaol, an geilleagar, agus cúrsaí soch-chultúrtha**. Trí oideachas a chur ar bhábaithe, naíonáin agus páistí óga faoin inbhuanaitheacht, ní hamháin go dtarraingítear aird ar ábhair amhail **gníomhú ar son na haeráide** agus **bithéagsúlacht**, ach bítear ag foghlaim faoi cheisteanna ar nós **na héagothroime, na bochtaineachta agus an leithcheala freisin**.

Samplaí de ghnáthaimh agus de ghníomhaíochtaí chun tacú leis an inbhuanaitheacht sa luathóige

Gnáthamh / gníomhaíocht	Colún	Naisc chuig Aistear
<p>Feasacht chomhfhiosach ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag comhroinnt le daoine eile: Bunsraith de chomhbhá agus comhoibriú a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtanas agus ar an ocras.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leabharlann leabhar nó bréagán a oscailt laistigh den suíomh agus den phobal. • A bheith ag foghlaim faoi bhia, faoi ghlasraí agus faoi thorthaí a fhás; a bheith ag comhroinnt le teaghlaigh. • An bord a leagan agus a bheith ag ithe le chéile in amanna béile, bia a chomhroinnt agus a bheith ag comhoibriú. • A bheith rannpháirteach in ócáidí tiomsaithe airgid chun tacú le páistí agus lena dteaghlaigh. 	Folláine	<p>Eacnamaíoch: Aidhm 4</p> <p>Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga a n-áit féin sa domhan a fhiosrú agus a shainaitheint, agus an chumhacht a fhorbairt chun maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe mar shaoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha mheasúla chásmhara chomhbhácha.</p>
<p>Fócas comhfhiosach ar thuiscint ar an gceartas sóisialta agus ar an gcothroime laistigh de gach suíomh, ag aithint agus ag ceiliúradh na héagsúlachta a bhaineann le saol an teaghlaigh agus an phobail.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Frámaí grianghraif de bhaill teaghlaigh gach páiste a chruthú agus a léiriú, agus iad a chrochadh timpeall an tsuímh mar phointí fócasacha éasca le haghaidh comhráite. • Rath a cheiliúradh do gach páiste trí na héachtaí do gach aois, staid agus sólaiste pearsanta ar leith a thabhairt faoi deara agus a ainmniú. • A bheith ag foghlaim faoi naisc agus ag déanamh naisc le daoine eile agus seirbhísí sa phobal. 	Cúrsaí soch-chultúrtha	<p>Féiniúlacht agus Muintearas: Aidhm 1</p> <p>Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, braithfidh babaithe, naíonáin agus páistí óga go bhfuil meas orthu agus feicfidh siad léiriú orthu féin agus ar a spéiseanna agus féiniúlachtaí sa timpeallacht, agus a fhios acu go bhfuil a gcuid smaointe, roghanna, riachtanas agus ceart, mar aon le smaointe, roghanna, riachtanais agus cearta a gcairde agus a bpiaraí, á dtabhairt faoi deara agus á bhfreagairt ar bhonn measúil comhsheasmhach.</p>

<ul style="list-style-type: none"> • Teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh agus leis an mbaile trína n-ionchur a iarraidh agus meas a bheith ag duine ar an ionchur sin maidir le rudaí tábhachtacha faoina mbabaí agus dá mbabaí, nó naíonán nó páiste óg – chun níos mó a fhoghlaim faoi cheiliúradh tábhachtach cultúrtha a bheadh ag teacht aníos; chun an fuaimniú ceart atá ar fhocail thábhachtacha sa teanga teaghlaigh a chloisteáil; chun an scéala a fháil faoi chuairt teaghlaigh nó faoi imeacht teaghlaigh. 		
<p>Aird a thabhairt ar iontais ár saoil agus léiriú cultúrtha a chruthú ar mheas agus ar fhreagracht.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Spás a aimsiú amuigh faoin aer chun na radhairc a fheiceáil agus chun éisteacht le fuaimeanna an nádúir os ár gcionn sa spéir, agus taobh linn ar an talamh agus san uisce, agus iad ag déanamh nasc lena dtimpeallacht áitiúil. • Fiosruithe agus iniúchtaí éadroma ar fheithidí, ar éin agus ar ainmhithe agus ar ár bhfreagracht chun aire a thabhairt dóibh ó shéasúr go séasúr. • Síolta a chur i bpotáí nó i ngairdíní chun foghlaim faoin gcaoi a bhfásann rudaí, bealach chun an fhoghlaim faoin mbithéagsúlacht a chur i láthair agus a shíniú. • Acmhainní agus ábhair a athchúrsáil agus athearraíocht a bhaint astu chun rudaí a dhéanamh, a thógáil agus a chruthú agus tuiscint ar ghníomhú ar son na haeráide a thabhairt isteach. 	<p>Timpeallacht</p>	<p>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht: Aidhm 3 Trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil, foghlaiméoidh na babaithe, naíonáin agus páistí óga faoin saol ar an talamh agus san uisce trí eispéiris a bheith acu, fionnachtain a dhéanamh, ceistiú, bheith rannpháirteach, iniúchadh agus fiafraí tríd an súgradh agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus leabhair le taighde a dhéanamh agus chun cur le heolas ar ár bpláinéad.</p>

Sampla 4: A luachmhaire atá súgradh faoi stiúir an pháiste le babaithe a thuiscint

Teideal	A luachmhaire atá súgradh faoi stiúir an pháiste le babaithe a thuiscint
Aoisghrúpa	Naíonáin
Prionsabal	Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla
Téama	Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Cuspóir: Leis an acmhainn seo, díreofar aird ar na sineirgí idir Prionsabal *Aistear an tSúgartha* agus na *nEispéireas Praiticiúil* agus **Téama na Taiscéalaíochta** agus na *Smaointeoireachta* trí lionsa an *tsúgartha faoi stiúir an pháiste*.

Prionsabal: Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

Is trí **shúgradh**, **eispéiris ghníomhacha phraiticiúla**, **ar bhonn fiosraithe**, is fearr a fhoghlaimíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga nó tríothu seo, bíonn siad ag foghlaim faoin domhan mórthimpeall orthu agus **forbraíonn siad ar bhonn iomlánaíoch**. Cabhraíonn na heispéiris seo leo a gcuid **mothúchán a rialú agus a chomhrialú**, a bheith ag forbairt mar **smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga**, a bheith ag forbairt go sóisialta, a bheith sona cruthaitheach samhlaíoch, agus an dúshraith a leagan chun cabhrú leo forbairt ina gcumarsáidithe agus ina dtaiscéalaithe éifeachtacha.

Súgradh faoi stiúir an pháiste a thuiscint

Ba mhaith liom a bheith ag súgradh agus tá sé de cheart agam a bheith ag súgradh

Tá súgradh faoi stiúir an pháiste tábhachtach agus ciallaíonn sé go stiúirann an babaí an imirt agus go nglacann an t-oidoir leis an stiúir. Feictear dúinn le **Prionsabal Aistear an tSúgartha agus na nEispéireas Praiticiúil** gur fearr a fhoghlaimíonn babaithe agus iad rannpháirteach i **súgradh atá gníomhach, praiticiúil agus bunaithe ar fhiosrú**. Chun tacú leis an mbabaí a shúgradh féin a stiúradh, agus, dá réir, a fhoghlaim agus a fhorbairt a stiúradh, tugann na hoideoirí faoi deara an méid a mbíonn suim ag an mbabaí ann agus spreagann siad na scileanna agus **meonta dearfacha foghlama** amhail fiosracht, neamhspleáchas, agus athléimneacht.

Is breá le babaithe bheith ag súgradh agus **cinntí a dhéanamh** maidir le cén uair, céard, cá háit, cén chaoi agus cé leis ar cheart súgradh. Is minic na rudaí atá tábhachtach ina saol le feiceáil sa súgradh sin. Is féidir an súgradh a bheith **ciúin nó glórmhar, mínéata nó néata, greannmhar nó dáiríre, dian nó gan dua**. Is féidir é a bheith ag tarlú taobh istigh nó amuigh faoin aer, agus forbraíonn sé de réir mar a fhásann agus a athraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga. I measc na bhfreagraí a tugadh nuair a chuathas i mbun comhairliúcháin le páistí faoin súgradh, luadh na nithe seo a leanas: spraoi a bheith acu, bheith le cairde, gníomhaíochtaí a roghnú iad féin, agus a bheith amuigh faoin aer. Bíonn babaithe ag súgradh ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta bíonn siad i mbun fiosraithe nó rudaí nua a fhoghlaim. Uaireanta eile, bíonn foghlaim atá déanta acu cheana féin á neartú acu nó bíonn scil nua á cleachtadh acu trí bheith ag **breathnú, ag ceistiú, ag fiosrú, ag tuiscint, ag idirbheartú agus ag réiteach fadhbanna le daoine eile laistigh de thimpeallacht thacúil**.

Tacaíonn Téama na Taiscéalaíochta agus na Smaointeoireachta le babaithe agus aithníonn iad mar fhoghlaiméoirí gníomhaíochta inniúla, ag baint brí as na rudaí, as na háiteanna agus as na daoine ina saol trí bheith ag idirghníomhú le daoine eile; ag súgradh leo; ag iniúchadh; ag smaoineamh; ag ceistiú; agus ag cruthú agus ag tástáil smaointe agus iad a thabhairt chun míneadais. Trí shúgradh agus idirghníomhaíocht a dhéanamh le daoine eile **in eispéiris spráúla foghlama ar bhonn fiosraithe, cumasaítear babaithe, le bheith cruthaitheach, le dul sa seans agus le nithe a fhionnachtain dóibh féin.** Agus na babaithe ag súgradh, déanann siad a gcuid teoiricí a atástáil agus forbraíonn siad **meonta foghlama**, ag glacadh le fionnachtana agus eispéiris nua i dtimpeallacht foghlama ionchuimsitheach agus inrochtana.

Tá sé tábhachtach don fhoghlaim agus don fhorbairt agam go mbeadh an t-am, an spás agus na hacmhainní agam le bheith ag súgradh

agus

Bíomse ag foghlaim nuair a bhíomse gníomhach agus nuair a úsáidim mo chuid céadfai leis an domhan a fhiosrú agus le bheith ag foghlaim faoi. Is gá teacht a bheith agam ar ábhair neamhiata nádúrtha chun cabhrú liom taiscéalaíocht a dhéanamh, a bheith cruthaitheach agus mo shamhláíocht féin a úsáid.

Teastaíonn tréimhsí sinte ama ó bhábaithe le bheith ag súgradh sa spás cuí agus le hacmhainní oiriúnacha laistigh agus lasmuigh a spreagann iad agus a gcuireann siad suim iontu. Teastaíonn réimse spásanna ó bhábaithe nuair a bhíonn siad amuigh faoin spéir **chun bogadh gan srian, spás atá na babaithe in ann a fhiosrú go céadfadh** agus inar féidir leo taithí a fháil ar riosca: dromchlaí lena gcuimsítear féar, gaineamh, adhmaid, agus talamh ardaíthe, carraigeach agus talamh míchothrom. Ba cheart go mbeadh fánaí beaga ann ar ar féidir leo rolladh síos agus siúl suas, mar aon le cnoic fhéarmhara ar ar féidir leo a bheith ar a suaimhneas agus dromchlaí réidhe chun siúl go mustrach, chun dreapadh agus chun croitheadh orthu **is ar an gcaoi seo a bheidh deiseanna ach ceangal a dhéanamh leis an dúlra agus am fiúntach a chaitheamh taobh istigh ach dúshlán a thabhairt dóibh féin ag an am céanna i súgradh eachtrúil agus gníomhach** ar luas a oireann dóibh féin agus iad ag stiúradh a súgartha agus a bhfoghlama féin.

Súgradh faoi stiúir an pháiste ar bhonn praiticiúil

Prionsabal: Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

Téama: Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Aidhm 1: Foghlaiméoidh babaithe, naíonáin agus páistí óga faoin domhan mórthimpeall orthu agus gheobhaidh tuiscint air.

Aoisghrúpa: Naíonáin

Suíomh: Naíolann

Tá Niamh (10 mí) ina luí gar dá cara Olena (8 mí). Tá na cailíní ar mhata agus go leor ábhair neamhiata amhail scátháin, ábhair chraptha agus gligíní ina dtimpeall. Léiríonn Niamh do Olena go bhfuil sí ag baint sásamh as a comhlúadar. Síneann sí amach a lámh agus leagann sí í ar chos Olena. Tagann meangadh gáire ar an mbeirt bhábaithe agus tosaíonn siad ag gogaíl le teann áthais. Is í Imani príomhdhuine Niamh, agus is í a thaispeánann na gnéithe éagsúla den mhata do na cailíní. Luíonn sé siar taobh leis an mbeirt bhábaithe agus fiosraíonn sé na ábhair atá ar fáil agus spreagann sé do na cailíní an rud céanna a dhéanamh. Faigheann sé greim ar a lámha chun cuidiú leo na gligíní a úsáid. Nuair a bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh na cailíní ag cailleadh spéis sna bréagáin, canann sé 'Round and round the garden' agus gluaiseachtaí á ndéanamh aige le gach duine de na cailíní. Cuireann na cailíní in iúl go dtaitníonn an mothú cigilteach a

dhéanann a mhéar leo agus é ag rianú ciorcal ar a lámh de réir mar a bhíonn sé ag canadh leo. Síneann Olena a lámh amach roinnt uaireanta chun cur in iúl go bhfuil sí ag iarraidh tuilleadh de.

An príomhphointe:

Tá na babaithe **gníomhaíoch muiníneach inniúil** maidir lena sùgradh féin a threorú agus a stiúradh chun foghlaim faoin saol ina dtimpeall agus chun forbairt ar bhonn iomlanaíoch. Trí **shúgradh agus idirghníomhaíocht** a dhéanamh le daoine eile in eispéiris spráúla foghlama ar bhonn fiosraithe, cumasaítear babaithe, naíonáin agus páistí óga le bheith **cruthaitheach, le dul sa seans agus le nithe a fhionnachtain dóibh féin chun a sùgradh agus a bhfoghlaim féin a stiúradh agus chun lánacmhainneacht a bhaint amach.**

Gluais

Gníomhú	Babaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith in ann gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama agus ina gcuid foghlama.
Gníomhaíoch	Guth agus tionchar a bheith ag babaithe, naíonáin agus páistí óga ar a gcuid foghlama féin.
Oideoirí gníomhaíocha	Déanann oideoir gníomhach cinntí gairmiúla agus eolacha mar fhreagairt ar riachtanais foghlama na bpáistí.
Nótaí Starógacha	Is ionann nótaí starógacha agus nótaí gonta a ghlacann oideoirí agus eispéiris foghlama babaithe, naíonán agus páistí óga á dtabhairt faoi deara acu, agus iad ag scríobh faoi na heispéiris sin.
Ceangal	Caidrimh thacúla, sheasmhacha, agus chroíula a spreagann foghlaim agus forbairt i measc babaithe, naíonán agus páistí óga.
I dtiúin	A bheith i dtiúin le babai, naíonán agus páiste óg trí bhreathnóireacht chúramach agus aird a dhíriú ar a dtréithe faoi leith.
Cumarsáid bhreitheach agus mhalartach	Na bealaí ar fad inar féidir le duine cumarsáid a dhéanamh (seachas labhairt ó bhéal). Is ionann 'breitheach' agus cur le caint duine. Is ionann 'malartach' agus úsáid in ionad cainte.
Measúnú	Is éard is measúnú ann ná an próiseas leanúnach maidir le heolas a bhailiú agus a thaifeadh, machnamh a dhéanamh air, agus é a úsáid chun léirithe saibhre de bhábaithe, naíonáin agus páistí óga mar fhoghlaimoírí a fhorbairt ar mhaithe le tacú agus cur lena gcuid foghlama amach anseo.
Claonadh	Réamhchlaonadh i bhfabhar nó i gcoinne duine nó grúpa amháin daoine, go háirithe i mbealach a bhféadfá a shíleadh a bheith míchothrom.
Bithéagsúlacht	An éagsúlacht bheatha ar domhan.
Féinriail choirp	Ceart babaithe, naíonán agus páistí óga a dtarlaíonn lena gcorp a rialú.
Braille	Foirm teanga scríofa do dhaoine dallas, ina léirítear carachtair trí phatrúin de phoncanna ardaithe is féidir a bhrath agus a leantar le barr na méar.
Súgradh faoi stiúir an pháiste	Babaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith ábalta a gcuid súgartha agus foghlama féin a stiúradh.
Gníomhú ar son na haeráide	Iarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus lena thionchar atá oiriúnach ó thaobh aoise agus ó thaobh na céime forbartha de.
Toiliú	Toiliú is ea nuair a lorgáimid cead go dtarlódh rud éigin nó nuair a aontaímid rud éigin a dhéanamh. Tá meas agus cumarsáid ón dá pháirtí ag teastáil chuige agus is coincheap tábhachtach é go bhfoghlaimodh páistí faoi ó aois óg. Cuimsíonn toiliú eolas mar gheall ar a dtorainneacha féin agus teorainneacha daoine eile mar aon le meas orthu sin.

Comhrialú	Idirghníomhaíochtaí freagrúla a chuireann an tacaíocht agus samháltú ar fáil do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga le gur féidir leo a gcuid smaointe, mothúchán agus iompraíochtaí a thuiscint agus a léiriú.
Freagrúil ó thaobh an chultúir de	Oideoirí atá i dtiúin ag cinntiú go bhfuil cultúir, eispéiris, féiniúlachtaí agus teangacha babaithe, naíonán agus páistí óga le feiceáil sa timpeallacht foghlama agus sna cleachtais oideolaíochta.
Curaclam	Na heispéiris ar fad a bhíonn ag babaithe, naíonáin agus páistí óga sa timpeallacht taobh istigh agus amuigh faoin aer, eispéiris fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, phleanáilte agus neamhphleanáilte ina measc sin.
Creatchuraclam	Scafall d'fhorbairt curaclaim a chabhraíonn le hoideoirí curaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe agus faoi stiúir an pháiste a bhfuil súgradh mar bhonn leis agus a bhaineann go sonrach lena gcomhthéacs féin a phleanáil agus a fhorbairt.
Daonlathas	Babaithe, naíonáin agus páistí óga a dhéanamh páirteach i gcúrsaí a imríonn tionchar ar a saolta laethúla.
Leithcheal	Áirítear leis seo beartais, cleachtais nó iompraíochtaí a mbíonn caitheamh míchothrom le daoine aonair nó grúpaí mar gheall ar a bhféiniúlacht nó an fhéiniúlacht a shíltear a bheith acu mar thoradh orthu. Is féidir leis a bheith d'aon ghnó nó neamhbheartaithe, díreach nó indíreach.
Meonta	Is éard is meonta ann ná tréithe carachtair dúchasacha nó nádúrtha a bhíonn ag babaithe, naíonáin agus páistí óga ó rugadh iad. Bíonn meonta éagsúla ag gach babaí, naíonán agus páiste óg, agus imríonn idirghníomhaíochtaí, caidrimh, agus na heispéiris a bhíonn acu tionchar, dearfach agus diúltach, ar na meonta sin.
Ilchineálacht	Baineann ilchineálacht le héagsúlacht aonair agus ghrúpa sa tsochaí. Baineann sé leis an éagsúlacht mar chuid den saol a fháil agus meas a léiriú uirthi. Baineann sé le meas a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar an ilchineálacht agus, san am céanna, ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh.
Cáipéisíocht	Taifead d'eispéiris, foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga.
Oideoir	Léiríonn sé seo ról gairmiúil iad siúd a oibríonn i suíomh na luath-óige ach is féidir é a thuiscint freisin mar thagairt do dhaoine fásta eile a phléann leis an gCreat ar mhaithe le tacú le foghlaim agus forbairt an bhabaí, an naíonáin nó an pháiste óig ina gcúram.
Cur chuige curaclaim ar bhonn fiosraithe atá ag teacht chun cinn	Cur chuige i leith na foghlama agus na forbartha atá faoi stiúir an pháiste agus a fhorbraíonn dé réir mar a fhiosraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga an domhan mórthimpeall orthu. Bunaítear é ar bhonn spéiseanna atá ag teacht chun cinn agus freagraíonn sé d'fhiosracht na mbabaithe, naíonán agus páistí óga agus iad ag foghlaim faoi agus ag forbairt teoiricí feidhmiúla faoin domhan.
Litearthacht atá ag teacht chun cinn	Forbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga tuiscint ar chló agus ar theanga mar bhunchloch don léitheoireacht, scríbhneoireacht

	agus cumarsáid. Tríd an súgradh agus eispéiris phraiticiúla, feiceann páistí agus idirghníomhaíonn siad le cló agus iad ag forbairt feasacht ar a chuid feidhmeanna agus gnásanna, agus foghlaimíonn siad gur féidir le daoine eile iad a thuiscint.
Uimhearthacht atá ag teacht chun cinn	Forbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga tuiscint ar choincheapa matamaiticiúla sa domhan móorthimpeall orthu. Tríd an súgradh agus eispéiris phraiticiúla, feiceann páistí agus idirghníomhaíonn siad le coincheapa cosúil le cruth, méid, toirt srl., agus iad ag forbairt feasacht ar a bhfeidhmeanna agus ar a gcuspóir.
Cothromas	An deis a thabhairt do gach babaí, naíonán agus páiste óg páirt a ghlacadh agus éisteacht agus meas a fháil ar a ndearccháí. Ní hionann é agus caitheamh le gach babaí, naíonán agus páiste óg ar an gcaoi chéanna.
Eitneacht	Tagraíonn eitneacht do ghrúpa sóisialta a roinneann cultúr, reiligiún, cruinneshamhail, nó teanga choiteann faoi leith. Áirítear le heitneacht ionannú babaithe, naíonán agus páistí óga le grúpa a bhfuil na tréithe coiteanna seo a leanas, nó cuid acu, aige: cultúr, bia, teanga, éadaí, reiligiún, stíl mhaireachtála, traidisiúin, gnásanna, agus náisiúntacht. Is éard is grúpa eitneach ann, grúpa a shíleann, nó a shíleann daoine eile, gur pobal faoi leith atá ann de bharr roinnt tréithe a dhéanann é a dhealú ó ghrúpaí eile.
Scileanna mínluaileacha	Baineann scileanna mínluaileacha le matáin bheaga a oibríonn in éineacht leis an inchinn ar mhaithe le gluaiseachtaí a smachtú i réimsí ar nós na lámh, méar, liopaí, teanga agus súl. Cabhraíonn forbairt scileanna mínluaileacha le babaithe, naíonáin agus páistí óga rudaí éagsúla a dhéanamh, mar shampla, ithe, scríobh, nithe a láimhsiú srl.
Bunghluaiseachtaí	Tacaíonn bunghluaiseachtaí le forbairt fhoriomlán babaithe, naíonán agus páistí óga, lena gcomhordú agus lena ndeaslámhacht fhisiceach go háirithe. I measc na scileanna seo tá scileanna gluaiseachta cosúil le lámhacán, siúl, rith, rith ar cosa in airde, scipeáil; scileanna cothromaíochta cosúil le dreapadóireacht, lúbadh, iompú, casadh, síneadh, cor a thabhairt; agus scileanna láimhsithe cosúil le caitheamh, gabháil, ciceáil agus preabadh, a dtugtar 'scileanna liathróide' orthu go minic.
Saoránach domhanda	Bíonn feasacht agus tuiscint ag an saoránach domhanda ar an domhan i gcoitinne – agus ar a áit ann. Is saoránach de chuid an domhain gach babaí, naíonán agus páiste óg. Bíonn ról gníomhach acu ina bpobal agus oibríonn siad le daoine eile lenár ndomhan a dhéanamh níos suaimhní, níos inbhuanaithe agus níos cothroime.
lomlánaíoch	Foghlaimíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga go leor rudaí éagsúla ag an am céanna. Bíonn baint idir an méid a fhoghlaimíonn siad agus an áit, an chaoi agus cé leis a mbíonn siad ag foghlaim.
Ionchuimsitheach	Baineann sé seo le meas a léiriú ar na babaithe, naíonáin agus páistí óga ar fad, éisteacht leo agus lena dteaghlaigh, agus a bheith tuisceanach maidir lena gcuid riachtanas agus spéiseanna.

Éagothromas	Is cineál éagothromais é seo atá neamhriachtanach agus míchothrom.
Tionchar	Baineann sé seo le tionchar fiúntach a bheith ag dearcthaí agus tuairimí babaithe, naíonán agus páistí óga ar chinntí a imríonn tionchar ar a gcuid foghlama agus forbartha.
Taithí foghlama beartaithe	Gníomhartha beartaithe oideoirí le tacú agus cur le spéiseanna, smaointe, scileanna, buanna, agus riachtanais babaithe, naíonán agus páistí óga.
Oideolaíocht bheartaithe	Rannpháirtíocht agus idirghníomhaíochtaí oideora freagrúil le babaithe, naíonáin agus páistí óga le tacú le réimsí faoi leith foghlama agus forbartha.
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann	Is í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann teanga dhúchais na mbodhar in Éirinn, agus is teanga oifigiúil in Éirinn í.
Cur chuige bunaithe ar phríomhdhuine	Cinntíonn cur chuige bunaithe ar phríomhdhuine go dtugtar príomhoideoir do gach babaí, naíonán agus páiste óg agus a dteaghligh, príomhoideoir ar féidir leo ceangail dhochta agus dlúthchaidreamh a fhorbairt leis/léi.
Lámh	Córas comharthaíochta láimhe a úsáideann páistí agus daoine fásta faoi mhíchumas intleachtach agus le riachtanais chumarsáide in Éirinn
Scéalta foghlama	Modh faoi stiúir an oideora chun foghlaim agus forbairt a thaifeadadh trí chur chuige inste.
Cáipéisíocht fhiúntach	Taifead d'fhoghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga ina ndéantar cur síos ar a tharla agus ar an bhfoghlaim a rinneadh.
Meiteachognaíoch	Tacú le babaithe, naíonáin agus páistí óga cuimhneamh ar a gcuid smaointe féin agus tuiscint a fháil ar an domhan móorthimpeall orthu.
Modhanna cumarsáide	Na modhanna éagsúla le faisnéis a thabhairt, a fháil agus ciall a bhaint aisti.
Ilchultúrtha	Daoine nó grúpaí éagsúla ó chultúir nó eitneachtaí éagsúla.
Tabhairt faoi deara	Gnéithe caolchúiseacha d'fhoghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga a thabhairt faoi deara agus freagairtí cuí a thabhairt.
Breathnuithe	Réime modhanna éagsúla tabhairt faoi deara, breathnaithe, éisteachta, taifeadta agus machnaimh maidir le foghlaim agus forbairt páistí.
Tuismitheoir	Baineann an téarma 'tuismitheoir' le tuismitheoir altrama, caomhnóir nó duine eile atá ag gníomhú in loco parentis.
Eolas oideolaíochta	Saineolas na n-oideoirí a spreagann foghlaim agus forbairt éifeachtach i measc na mbabaithe, naíonán agus páistí óga ar fad.
Cleachtas oideolaíochta	Baineann cleachtas oideolaíoch le nádúr speisialaithe agus iomlánaíoch chleachtas gairmiúil na n-oideoirí luathbhlianta, go háirithe leis na gnéithe a mbaineann tógáil agus cothú caidreamh agus forbairt curaclaim leo.
Oideolaíocht	Baineann sé seo le gníomhartha nó obair uilig na n-oideoirí ó thaobh tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí

	óga. Bíonn eispéireas foghlama idirbheartaithe, measúil agus machnamhach do gach duine atá páirteach i gceist leis.
Léiriú	Tuiscint iomlánaíoch ar chomhthéacs, buanna, spéiseanna agus meonta foghlama faoi leith gach babaí, naíonáin agus páiste óig.
Réamhchlaonadh	Smaointe diúltacha, réamhbhreithiúnais, nó eolas míchruinn maidir le duine nó grúpa.
Dul chun cinn foghlama	Tuiscint ar an gcaoi a léiríonn scileanna agus meonta foghlama babaithe, naíonán agus páistí óga iad féin, i bhfoirmeacha luatha agus i bhfoirmeacha a éiríonn níos forbartha de réir a chéile.
Múscailtí	Bailiúchán d'acmhainní oscailte, ar ábhair nó earraí iad, atá nádúrtha nó sintéiseach, a spreagann babaithe, naíonáin agus páistí óga lena gcuid smaointe a fhiosrú, go neamhspleách nó le piaraí.
Ceartabhunaithe	An tuiscint gur sealbhóirí ceart iad babaithe, naíonáin agus páistí óga a chuirtear deiseanna fiúntacha ar fáil dóibh maidir le tionchar a imirt ar chinntí i dtaca lena saolta.
Dul sa seans	Meon dearfach i leith na foghlama agus na forbartha, nuair a fhorbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga muinín chun rudaí a dhéanamh dóibh féin, rudaí nua a thriail, agus a bheith oscailte do smaointe agus eispéiris nua.
Scafall	Próiseas trína dtacaíonn agus treoraíonn oideoirí agus piaraí foghlaim na bpáistí, rud a chumasaíonn iad leis an gcéad leibhéal eile cumais a bhaint amach, leibhéal atá thar a gcumas pearsanta féin ag an am áirithe sin.
Scéimrí	Pátrúin leantacha iompraíochta, ghníomhartha nó smaointeoireachta, ar bealaí iad le tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbíonn smaointe agus gníomhartha na bpáistí nasctha le chéile.
Féinmheasúnú	Déanann babaithe, naíonáin agus páistí óga conclúidí agus measúnuithe faoina gcuid foghlama agus forbartha féin.
Féintreoraithe	Spás ina ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga cinntí agus roghanna faoina gcuid foghlama agus forbartha féin.
Féinrialáil	Seo cumas babaí, naíonáin nó páiste óig smacht a choimeád ar fheidhmeanna an choirp, mothúcháin a bhainistiú, agus aird a choimeád.
Oideolaíocht mhall chaidreamhach	Caidrimh thacúla, sheasmhacha, agus chroíula a spreagann ceangail shábháilte le cúramóirí, timpeallachtaí sláintiúla agus sábháilte, agus eispéiris thairbheacha foghlama do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga.
Ceartas sóisialta	Cearta agus deiseanna eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta comhionanna do gach babaí, naíonán agus páiste óg.
Domhain shóisialta	An spás ina gcónaíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga, ina n-idirghníomhaíonn siad le daoine eile, ina bhfoghlaimíonn siad agus ina bhforbraíonn siad.
Soch-chultúrtha	Tionchair shochoíocha agus chultúrtha a imríonn tionchar ar smaointe, mothúcháin agus iompraíochtaí.
Cur chuige buanna-lárnach	Dírítear sa chur chuige seo ar bhuanna agus cumais phearsanta daoine aonair ar bhealach iomlánaíoch, ag féachaint ar na nithe 'is féidir' leo a dhéanamh, seachas díriú ar dhearcadh an easnaimh.

Inbhuanaitheacht	Baineann sé seo le feacht chomhshaoil babaithe, naíonán agus páistí óga. Bíonn trí fhócas i gceist mar chuid de - fócas eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.
Steiréitíopaí	Ginearálú róshimplithe nó tuairim fhorleathan maidir le grúpa faoi leith, rud a chruthaíonn ionchais bhréagacha go gcloífidh baill an ghrúpa le gnéithe, iompraíochtaí nó tréithe faoi leith (atá diúltach go minic).
Guth	An líon mór bealaí ina léiríonn babaithe, naíonáin agus páistí óga a gcuid dearcthaí, tuairimí agus giúmar de réir a n-aoise agus a gcéime forbartha, lena n-áirítear ach ní teoranta do mhíreanna cainte, comharthaí, iompraíochtaí, comharthaíocht choirp, gothaí gnúise, teanga bhéil, scríbhneoireacht, líníochtaí agus ealaín.
Teoiricí Feidhmiúla	Is smaointe iad teoiricí feidhmiúla a fhorbraíonn páistí faoin gcaoi a n-oibríonn an domhan. Forbraítear na teoiricí seo mar fhreagra ar cheisteanna na bpáistí féin: céard? cén fáth? cathain? cén áit? agus cé? Déanann páistí a dtugtar deiseanna dóibh fadhbanna a réiteach agus iniúchadh a dhéanamh, agus a dtacaítear leo maidir le rochtain a fháil ar an eolas cuí, na teoiricí seo a fhorbairt. Foghlaimíonn siad cén chaoi le bheith cruthaitheach agus fiontrach, agus cinntí a dhéanamh maidir leo féin mar fhoghlaimeoirí.
Cruinneshamhail	Tá Éire an lae inniu ag éirí níos éagsúla agus níos éagsúla agus cuimsíonn sé seo difríochtaí ó thaobh luachanna agus tuairimí de. Tá sé tábhachtach an éagsúlacht tuisceana seo ar an domhan ó thaobh na foghlama agus na forbartha iomlánaí a aithint agus glacadh léi. Baineann an téarma 'cruinneshamhail' le tuiscint a léiriú ar an domhan ó dhearcthaí difriúla. Áirítear leis sin smaointe agus dearcthaí maidir leis an domhan, maidir linn féin agus maidir lenár saolta, agus baineann tacar teoiricí feidhmiúla faoin domhan agus faoin gcaoi a n-oibríonn sé leis freisin. Is iad eispéiris atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga sa bhaile agus sa domhan mórthimpeall orthu mar bhonn eolais leis seo.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Meán Fómhair 2023